

Treoirleabhar d'Iarrthóiri na hArdteistméireachta 2021

Meitheamh 2021 – Ullmhú do na Scrúduithe



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Clár an Ábhair

Clár an Ábhair

1. Réamhrá.....	2
2. Amchlár na Scrúduithe	3
3. COVID-19 agus na Scrúduithe	3
4. Iarrthóirí Seachtracha	6
5. Le linn na Scrúduithe.....	6
6. Socruithe Réasúnta do mhic léinn a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu	8
7. Gráid Chreidiúnaithe – Socruithe teagmhais d’iarrthóirí nach féidir leo dul i mbun scrúduithe Stáit	10
8. Gráid Chreidiúnaithe – An Próiseas Caighdeánaithe –	11
9. Próiseas Marcála na Scrúduithe.....	12
10. Marcáil ar líne.....	14
11. Torthaí – Ullmhú agus Eisiúint.....	16
12. An Tairseach Féinseirbhíse d’iarrthóirí	18
13. Eisiúint na dTorthaí agus Tar éis na Torthaí a Eisiúint -Scripteanna agus Achomhairc a Bhreathnú.....	18
Aguisín 1. Córas Grádaithe na hArdteistiméireachta	19
Aguisín 2. Sliocht as Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna	2121
Aguisín 3. Rochtain ar Scripteanna na Scrúduithe – Cosaint Sonraí	25

1. Réamhrá

Tá idir scrúduithe agus Gráid Chreidiúnaithe in Ardteistiméireacht 2021. Tugadh rogha d’iarrthóirí na scrúduithe a dhéanamh, Gráid Chreidiúnaithe a fháil, nó an dá cheann a bheith acu ábhar ar ábhar. Rinne iarrthóirí a rogha deiridh tríd an Tairseach Féinseirbhíse d’iarrthóirí go luath i mí na Bealtaine.

Thug tromlach na n-iarrthóirí san Ardteistiméireacht (idir bhunaithe agus an Gairmchlár) agus san Ardteistiméireacht Fheidhmeach go bhfuil sé beartaithe acu na scrúduithe a dhéanamh i mbliana. Bunaithe ar an eolas is déanaí atá ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), tá sé léirithe ag 90% de na hiarrthóirí uile go bhfuil sé beartaithe acu na scrúduithe a dhéanamh i gceann amháin nó níos mó de na hábhair agus go bhfuil 40,000 díobh chun dul i mbun scrúduithe i gcúig ábhar nó níos mó.

Tá eolas tábhachtach sa Treoirleabhar d’iarrthóirí faoina bhfuil i ndán duit le linn na scrúduithe, lena n-áirítear bearta Sláinte Poiblí atá á ndéanamh chun tú a choimeád slán sábháilte agus faoin tslí ar chóir duit tú féin a bhainistiú le linn na scrúduithe. Chomh maith leis sin, tá eolas nuashonraithe faoi na Gráid Chreidiúnaithe á chur ar fáil againn a shlíimid a bheith ina chabhair duit. Tá eolas ann faoi phróiseas marcála na scrúduithe freisin; faoin am agus faoin tslí a bhfaighidh tú do chuid torthaí; agus roinnt sonraí bunúsacha faoi na céimeanna a bheidh ann i ndiaidh na torthaí a eisiúint – ina measc sin an t-eolas a thabharfar duit faoi thorthaí na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe; script scrúdaithe marcáilte a bhreathnú; agus an próiseas achomhairc a mbeidh rochtain agat air. Tráth eisithe na dtorthaí, soláthrófar treoir eile duit maidir le céimeanna na dtorthaí agus leis na céimeanna i ndiaidh na dtorthaí agus cuirfear in iúl go bhfuiltear ag súil leis na torthaí a eisiúint tríd an tairseach Féinseirbhíse d’iarrthóirí, Dé hAoine an 3 Meán Fómhair.

Tá eolas faoi Ardteistiméireacht 2021 – Scrúduithe agus Gráid Chreidiúnaithe – ar fáil ar www.gov.ie/Leaving Certificate a ndéanfar uasdátú air ó am go ham.

Oibríonn CSS i gcomhar le húdaráis scoile i rith na bliana agus go háirithe le linn na scrúduithe sa samhradh. Má tá aon imní ort le linn na scrúduithe, is é an scoil do chéad phointe teagmhála. Tá eolas faoi na seirbhísí atá á soláthar ag CSS ar ár suíomh gréasáin www.examinations.ie. Is é an seoladh ríomhphoist ginearálta atá againn info@examinations.ie agus is í ár n-uimhir theileafóin ghinearálta 090-6442700.

Féadfaidh CSS téacs nó ríomhphost a chur chugat nó glaoch ort trí na sonraí teagmhála a chláraigh tú ar an Tairseach Féinseirbhíse d'Iarrthóirí. Eiseofar ríomhphost ó CSS ón seoladh stateexamscommission@phonovation.com nó ó aon seoladh eile a bhfuil @examinations.ie ag an deireadh. Is ó StateExams a eiseoidh CSS teachtaireacht SMS chugat.

Tá súil againn go leanfaidh gach duine díobh sin a bhfuil sé beartaithe acu dul i mbun na scrúduithe ar lena n-aghaidh a bhí siad ag ullmhú. Guíonn CSS gach rath oraibh sna scrúduithe atá le teacht.

2. Amchlár na Scrúduithe

Caithin a thosófar agus a chríochnófar na scrúduithe?

Cuirfear tús le scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta Dé Céadaoin an 9 Meitheamh. Críochnófar scrúduithe na hArdteistiméireachta Feidhmí Déardaoin an 17 Meitheamh agus beidh scrúduithe deiridh na hArdteistiméireachta (bhunaithe) Dé Máirt an 29 Meitheamh 2021. Tá amchlár oifigiúla scrúduithe 2021 ar fáil ar www.examinations.ie agus le léamh laistigh de chlúdaigh an Treoirleabhair seo.

An mbeidh orm tabhairt faoi níos mó ná dhá scrúdú in aon lá amháin?

Féadfaidh sé, de bharr na n-ábhar atá roghnaithe agat, go mbeidh ort tabhairt faoi níos mó ná dhá scrúdú in aon lá amháin. Ar mhaithe le leas na n-iarrthóirí, ón mbliain 2019 i leith, cuireadh síneadh le hamchlár na scrúduithe ó 13 lá go dtí 15 lá. Is éard is aidhm leis an síneadh san amchlár, go laghdófar an brú ar iarrthóirí ó ábhair a bheith ag teacht salach ar a chéile, a oiread is féidir. Leagadh béim go háirithe ar a chinntiú gur beag seans go mbeidh ar iarrthóir tabhairt faoi thrí scrúdú in aon lá amháin. D'ainneoin sin, ní féidir é sin a chinntiú do gach cás agus féadfaidh sé go mbeidh ar líon beag iarrthóirí tabhairt faoi sin.

3. COVID-19 agus na Scrúduithe

An mbeidh mé in ann dul i mbun scrúduithe má tá COVID-19 orm nó má tá airíonna á léiriú agam nó má dúradh liom gur dlúth-theagmhálaí mé?

Ní bheidh. Tá tosaíocht i gcónaí ag an tSláinte Poiblí, agus is tábhachtaí í ná freastal ar scrúduithe.

Níl cead agat teacht chuig an ionad scrúdaithe más rud é:

- go bhfuil fáthmheas COVID-19 i do leith.
- go bhfuil tú breoite agus go léiríonn tú aon cheann d'airíonna COVID-19.
- go dtagann airíonna COVID-19 ort am ar bith le linn na scrúduithe.
- go bhfuil tú ag féin-leithlisiú nó gur iarradh ort déanamh amhlaidh.
- go bhfuil tú faoi choraintín nó faoi shrianta.
- gur dlúth-theagmhálaí tú le duine a bhfuil cás daingnithe ina leith.

I gceann ar bith de na cásanna sin thuas, níl cead agat freastal ar na scrúduithe. Ní foláir duit déanamh de réir na dtreoracha maidir leis an tSláinte Phoiblí agus gan dul i mbun scrúduithe go dtí go mbeidh sé sábháilte duit sin a dhéanamh. Ba chóir duit an t-eolas is déanaí ó FSS faoi comharthaí sóirt agus airíonna COVID-19 a léamh agus a thuiscint, chomh maith le heolas faoi dhlúth-theagmhálaithe, an méid ama is gá féin-leithlisiú a dhéanamh nó bheith

faoi shrianta i gcás go mbeidh tú i dteagmháil le duine a ndearnadh fáthmheas COVID-19 ina leith, etc. Tá eolas ar fáil, a ndéantar uasdátú air de réir mar is gá, ón Roinn Tuismitheoirí agus Cúramóirí ar an leathanach gréasáin seo a leanas de chuid FSS <https://www2.hse.ie/coronavirus/>. NÓTA: Is eolas é seo agus ná úsáidtear in ionad comhairle leighis é.

Cad is féidir liom a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh deis agam dul i mbun scrúduithe?

Agus tús á chur leis an tír a athoscailt, beidh tábhacht leis na gníomhartha a dhéanfaidh gach duine díobh sin atá ag iarraidh srian a chur le leathadh COVID-19 chun a chinntiú go dtabharfar deis duit tabhairt faoi na scrúduithe i mí an Mheithimh. Is iad seo a leanas na treoracha is tábhachtaí don fhoireann scoile, d'iarrthóirí, dá dteaghlach agus don phobal i gcoitinne, a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh na scrúduithe an 29 Meitheamh:

- Lean de bheith ag déanamh de réir na comhairle na Sláinte Poiblí bunúsaí i ndáil le scaradh sóisialta, níochán láimhe/díghalrúchán, béasaíocht riospráide, agus caitheamh clúdaigh aghaidhe.
- Fan laistigh de do ghnáth-mheitheal, amhail do mheitheal ranga nó teaghlaigh.
- Ag tús na scrúduithe, ba chóir duit fanacht laistigh de do mheitheal ionaid scrúdaithe. Fan ansin roimh, le linn agus i ndiaidh na scrúduithe.
- Fan amach ó dhaoine eile amuigh faoin aer agus seachain sluaite ina bhfuil baol COVID-19 ann.
- Ná téigh i ngar d'iarrthóirí eile i ngrúpaí staidéir roimh na scrúduithe nó lena linn.
- Déan de réir na comhairle maidir le comharthaí sóirt agus airíonna COVID-19; má tá airíonna á léiriú agat nó ag aon duine i do theaghlach, déan leithlisiú agus téigh i dteagmháil le do Lia-Chleachtóir Ginearálta le haghaidh tástála, agus ba chóir srianta a bheith le daoine eile i do theaghlach go dtí go mbeidh torthaí na tástála faighte agat.
- Iarraimid ar iarrthóirí freisin, nár roghnaigh dul i mbun scrúduithe (agus a fhéadfaidh a bheith críochnaithe leis an scoil dá bharr) gan cur isteach ar a gcairde a bheidh ag tabhairt faoi na scrúduithe.

Ba chóir duit a bheith freagrach as do shláinte féin chun a chinntiú go mbeidh an deis agat dul i mbun scrúduithe. Mura nglacann tú cúram, tá an baol ann nach mbeidh tú féin ná do chairde in ann tabhairt faoi na scrúduithe mar gheall ar COVID-19. [Ní chuirfear na scrúduithe ar siúl arís in 2021.](#)

Rinne an Príomhoifigeach Leighis, an Dochtúir Tony Holohan taifead físeáin ina bhfuil teachtaireacht d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta le spreagadh a thabhairt daoibh fanacht slán agus aire a thabhairt dá chéile sula gcuirfear tús leis na scrúduithe. Is féidir leat breathnú ar an bhfíseán ar <https://youtu.be/JnOGBT0C3Fg>

Cad iad na socruithe atá déanta chun an tsábháilteacht a chinntiú a mhéid is féidir le linn na scrúduithe?

Rinneadh idirphlé go mion leis na húdaráis Sláinte Poiblí le linn pleanáil a dhéanamh chun gach gné de scrúduithe na hArdteistiméireachta 2021 a sheachadadh agus a sheoladh, na scrúduithe scríofa san áireamh. Tá na socruithe dírithe ar Ardteistiméireacht 2021 a sheachadadh agus na baol ó leathadh COVID-19 a bhainistiú ag an am céanna. Tá na socruithe sin bunaithe ar phrionsabail bhunúsacha na Sláinte Poiblí maidir le hionfhabhtú a chosc agus a rialú agus ar na bearta Sláinte Poiblí atá i bhfeidhm sna hiarbhunscóileanna cheana féin.

Leagfar béim go háirithe ar níochán agus díghalrú a dhéanamh ar gach dromchla sna seomraí agus ar aon trealamh a úsáidtear (msh. seinnteoirí dlúthdhiosca, etc.) agus déanfar sin roimh agus tar éis iad a úsáid. Beidh aird ag gach duine ar bhéasaíocht riospráide agus ar shláinteachas láimhe chun laghdú a dhéanamh ar bhaol an tras-sheolta. Ní mór gach seomra a bheith á aeráil a dhóthain, fiú amháin nuair a chuirtear in áireamh an gá lena chinntiú nach mbeidh aon chur isteach ar na scrúduithe ag torann ón taobh amuigh. Beidh na scrúduithe ar siúl i scoileanna ina mbeidh mic léinn na 6ú bliana agus foireann stiúrtha na scrúduithe i láthair. Beidh i bhfad níos lú daoine i láthair in áitreabh na scoile ná mar a bhíonn de ghnáth. Tá líon mór ionad scrúdaithe á chur ar fáil ag CSS agus ar an gcaoi sin ní bheidh na hionaid sin lán.

Ní mór d'iarrthóirí na bearta áirithe seo a leanas a thabhairt faoi deara. Le linn na scrúduithe:

- Beidh tú mar chuid den mheitheal ionaid scrúdaithe. Is é sin le rá, fanfaidh tú ag an deasc céanna a thabharfar duit san ionad scrúdaithe céanna ar feadh do chuid scrúduithe ach amháin ar chúiseanna lóistíochtúla (msh. scrúduithe cluastuisceana).
- Coinnigh an scaradh sóisialta 2m agus fan amach ó dhaoine eile.
- Caith clúdach aghaidhe cuí (i.e. masc aghaidhe a chlúdaíonn an aghaidh agus an béal) i gcónaí agus tú in áitreabh na scoile.

- Déan de réir na béasaíochta riospráide agus an tsláinteachais láimhe.
- Ná téigh i measc iarrthóirí eile roimh thú na scrúduithe, idir na scrúduithe agus le linn an t-ionad scrúdaithe a fhágáil gach lá.
- Ní mór na bearta Sláinte Poiblí go léir eile atá curtha i bhfeidhm do na scrúduithe a chomhlíonadh.

Le linn na scrúduithe de ghnáth, ní mór duit déanamh de réir ordú na bhFeitheoirí, i ngach ní a bhaineann leis na scrúduithe. I gcomhthéacs COVID-19, ceanglófar ort socruithe Sláinte Poiblí a chomhlíonadh i ndáil le hionaid scrúdaithe agus leis na socruithe maidir le rochtain a fháil ar na hionaid scrúdaithe gach lá.

Más rud é go mainníonn tú orduithe réasúnacha an Fheitheora, nó orduithe aon duine eile ag a bhfuil údarás, a chomhlíonadh, féadfaidh go mbainfear díot an deis chun tabhairt faoi na scrúduithe, ós rud é go dtugtar lán-tosaíocht don tSláinte Phoiblí.

An mbeidh orm masc aghaidhe a chaitheamh agus mé i mbun scrúdaithe?

Beidh. Is éigeantach clúdaigh aghaidhe (i.e. masc aghaidhe a chlúdaíonn an srón agus an béal) a bheith á gcaitheamh ag gach duine a bhfuil baint acu le scrúduithe na hArdteistiméireachta i bhformhór na n-iarbhunscoileanna, i scoileanna nach iarbhunscoileanna iad agus in aon hallaí ina mbeidh na scrúduithe ar siúl. Ceanglófar ar gach iarrthóir scrúdaithe, Feitheoirí CSS, Feitheoirí sna hionaid speisialta, cúntóirí scrúdaithe, freastalaithe scrúdaithe, agus ar gach duine d'fhoireann scoile/ ionaid/ halla masc aghaidhe a chaitheamh i gcónaí ar na háitribh sin le linn do scrúduithe na hArdteistiméireachta bheith ar siúl.

Sna scoileanna, aon iarrthóirí nach gceanglaítear orthu de ghnáth masc aghaidhe a chaitheamh, tá siad díolmhaithe ón gceanglas sin ar bhonn leighis, faoi na díolmhaíochtaí teoranta atá i bhfeidhm. Beidh deimhniú leighis tugtha don scoil ag na daoine sin lena ndeimhnítear gur i gceann amháin de na trí chatagóir thíos iad;

- aon duine ag a bhfuil deacrachtaí anála nach bhfuil in ann clúdach aghaidhe éadaigh nó cealtair a chaitheamh
- aon duine nach bhfuil in ann an clúdach aghaidhe éadaigh nó an cealtair a bhaint gan cúnamh
- aon duine ag a bhfuil riachtanais speisialta nó a chuirfeadh clúdach aghaidhe éadaigh nó cealtair isteach air nó uirthi nó a chuirfeadh ar a míchompord nó ar a míchompord é nó í, mar shampla daoine a bhfuil míchumais intleachtúla nó forbartha orthu, riocht inchinne orthu, fadhbanna céadfacha nó mothálacht thadhhlach acu.

Más rud é, ar bhonn leighis, nach gceanglaítear ort de ghnáth masc a chaitheamh ar scoil nó go gcaitheann tú cealtair seachas masc, beidh do scoil tar éis ionad scrúdaithe speisialta a shannadh duit cheana féin ionas go mbeidh tú in ann tabhairt faoi do scrúduithe.

In aon chás eile, aon iarrthóir a dhiúltaíonn masc aghaidhe a chaitheamh, ní bheidh cead aige nó aici dul isteach sna scrúduithe.

Cad ba chóir dom a dhéanamh i gcás nach féidir liom freastal ar na scrúduithe?

Mura féidir leat freastal ar na scrúduithe iarrtar ort é sin a chur in iúl don scoil (nó más iarrthóir seachtrach tú, don scoil ina raibh tú le bheith ag tabhairt faoi na scrúduithe) agus tabharfaidh an scoil fógra don Fheitheoir CSS a chuirfidh nóta isteach sa chlár tinrimh. Bheadh sé ina chúis díomá duit agus tú ag iarraidh tabhairt faoi na scrúduithe dá mba de bharr COVID-19 nach raibh tú in ann freastal, ach dar ndóigh, tugtar lán-tosaíocht don tsláinte poiblí.

Cad a tharlóidh mura mbeidh mé in ann freastal ar roinnt scrúduithe nó ar na scrúduithe go léir?

Is iad na Gráid Chreidiúnaithe (dóibh sin atá i dteideal iad a fháil) an beart teagmhais a bheidh i bhfeidhm i mbliana i ngach cúinne nach mbeidh an t-iarrthóir in ann tabhairt faoi na scrúduithe. Clúdaíonn an beart sin iarrthóirí a bheith as láthair ar chúiseanna a bhaineann le COVID-19 agus ar chúiseanna nach mbaineann le COVID-19. Tá eolas faoi na Gráid Chreidiúnaithe mar bheart teagmhais do scrúduithe 2021 ar fáil níos déanaí sa Treoirleabhar seo.

4. Iarrthóirí Seachtracha

Chuir mé isteach ar na scrúduithe mar Iarrthóir Seachtrach – gan freastal ar scoil nó ar choláiste príobháideach – an bhfuil aon rialacha speisialta ar chóir dom bheith ar an eolas fúthu?

Beidh tú ag déanamh na scrúduithe ag scoil óstach; is í sin an scoil a d'ainmnigh tú do CSS nuair a chláraigh tú le haghaidh na scrúduithe níos luaithe i mbliana. Ba chóir go mbeadh cead agat ó phríomhoide na scoile sin na scrúduithe a dhéanamh sa scoil sin. Murach sin, féadfaidh sé go mbeidh tú ag déanamh na scrúduithe i gceann den dá halla scrúdaithe i mBaile Átha Cliath atá ar fáil d'iarrthóirí seachtracha.

Sholáthair CSS do chuid sonraí teagmhála don scoil óstach a d'ainmigh tú ar fhaitíos go mbeidh an scoil ag iarraidh dul i dteagmháil leat chun fógraí a thabhairt duit maidir leis an scoil.

I gcás nach mbeidh tú i láthair ag scrúdú nó ag roinnt scrúduithe, tá sé de cheangal ort é sin chur in iúl don scoil. Ba chóir go dtiocfaidh na tuairiscí go léir den sórt sin tríd an scoil agus gan teagmháil a bheith á déanamh agat go díreach le CSS.

An bhfuil sé de cheangal orm cruthúnas céannachta a sholáthar?

Ceanglófar ort cruthúnas céannachta a thaispeáint do lucht bainistíochta na scoile ar do theacht chun na scoile don chéad uair. Glacfar le haon cheann de na cruthúnais chéannachta seo:

- Ceadúnas Tiomána
- Pas
- Cárta Aitheantais an Gharda (do dhaoine os cionn 18 mbliana)
- Cárta Aitheantais Mic Léinn USIT
- Cárta Seirbhíse Poiblí.

Ceanglaítear ort freisin do chárta aitheantais a thaispeáint don Fheitheoir i gcás gach scrúdú ag a mbeidh tú i láthair.

An bhfuil aon rialacha COVID-19 ar chóir dom a bheith ar an eolas fúthu?

Soláthraíodh foirm dearbhaithe COVID-19 duit freisin is gá a chomhlánú agus a thaispeáint ag an chéad scrúdú sa scoil. Ceanglaítear ort prótacail na scoile maidir le COVID-19 a chomhlíonadh. Má tá riocht leighis ort lena bhféadfar bac a bheith ort masc aghaidhe a chaitheamh, ba chóir go mbeadh iarratas déanta agat faoi seo chuig CSS ar dhíolmhú ón gceanglas sin agus é a bheith faoi na boinn theoranta díolmhaíochta a leagtar amach sna hailt sin roimhe seo a bhaineann le masc aghaidhe.

5. Le linn na Scrúduithe

Cad ba chóir dom a thabairt liom go dtí na scrúduithe?

Déan cinnte go mbeidh do chuid peann, peann luaidhe (le haghaidh léaráidí amháin) agus d'áireamhán féin agat. Beidh clog le feiceáil san ionad agus dá bhrí sin ní gá uaireadóir a thabhairt isteach (agus tabhair faoi deara an cosc ar uaireadóirí cliste agus ar fheistí eile a bheidh faoi chaibidil níos déanaí). Mar gheall ar COVID-19, ní cóir go mbeidh trealamh á roinnt idir iarrthóirí. Beidh gach rud eile is gá curtha ar fáil duit.

Conas a dhéantar maoirseacht ar na scrúduithe?

Is é an Feitheoir a dhéanann maoirseacht ar gach ionad scrúdaithe agus formhaoirsiú ar sheoladh na scrúduithe. Áirítear air sin páipéir scrúdaithe agus freagarleabhair a dháileadh, a chinntiú go dtosófar agus go gcríochnófar na scrúduithe ag na hamanna cearta agus go mbeidh an timpeallacht oiriúnach duit agus tú ag déanamh na scrúduithe. Ceanglaítear ort ordú an Fheitheora a chomhlíonadh maidir le gach a bhaineann leis na scrúduithe.

Cén chiall atá leis na dathanna ar na páipéir scrúdaithe?

Tá na páipéir scrúdaithe dath-chódaithe de réir leibhéal an scrúdaithe. Ba chóir duit tú féin a chur ar an eolas maidir le dathanna na bpáipéir scrúdaithe chun a bheith cinnte go bhfuil an leibhéal ceart tugtha duit ag an bhFeitheoir.

Tá scrúdpháipéir na hArdteistiméireachta arna ndath-chódú mar a leanas:

- Clúdach Bándearg agus Bán ar scrúdpháipéir d'Ardleibhéal na hArdteistiméireachta
- Clúdach Gorm agus Bán ar scrúdpháipéir do Ghnáthleibhéal na hArdteistiméireachta
- Clúdach dath na Péitseoirge agus Bán ar scrúdpháipéir do Bhonnleibhéal na hArdteistiméireachta

Dath bán atá ar an taobh istigh de na páipéir agus tá teideal agus leibhéal an scrúdaithe priontáilte ag bun gach leathanaigh.

Comhleibhéal is ea gach ábhar do scrúduithe Bhonnleibhéal na hArdteistiméireachta agus is iad Moca agus Bán na dathanna atá ar an gclúdach.

An mbeidh cead agam leibhéal a roghnú lá an scrúdaithe nach é an leibhéal a roghnaigh mé go luath i mí na Bealtainbe ar an Tairseach Féin-Seirbhíse d'Iarrthóirí ?

Beidh – beidh an rogha sin agat agus beidh cead agat leibhéal a athrú lá an scrúdaithe. Féadfaidh sé, dá bharr sin, go mbeidh Grád Creidiúnaithe agat ag leibhéal amháin agus toradh scrúdaithe ag leibhéal eile. Cuirfidimid é sin san áireamh agus muid ag cur torthaí scrúdaithe i gcomparáid le Gráid Chreidiúnaithe chun a chinneadh cé acu díobh is fearr.

An bhfuil rialacha sonraíochta maidir le hiompar iarrthóirí sna scrúduithe?

Tá. Tá liosta iomlán de na rialacha leagtha amach ag deireadh an Treoirleabhair seo sa roinn dar teideal ***“Sliocht asRialacha agus Cláir d'Iarbhuscoileanna – Iompar na nIarrthóirí le linn Scrúduithe”***. Tá sé de fhreagracht ort a chinntiú go bhfuil na rialacha ar eolas agat agus go ndéanann tú dá réir i gcónaí. Baineann na rialacha sin le nithe amhail

- na huairéanta tinrimh,
- an t-ionad a fhágáil roimh dheireadh an scrúdaithe,
- cúbláil nó iarracht cúbláil a dhéanamh

Ceanglaítear ort leis na rialacha tinrimh bheith sa suíochán atá sannta duit san ionad scrúdaithe 30 nóiméad ar a laghad roimh am tosaithe na scrúduithe ar Lá 1 agus 15 nóiméad roimh gach scrúdú na laethanta ina dhiaidh sin. Má bhíonn tú déanach i gcomhair an scrúdaithe, ligfear isteach déanach tú, go dtí 30 nóiméad i ndiaidh an ama tosaithe, ach beidh an méid ama sin cailte agat. Níl cead an t-ionad scrúdaithe a fhágáil laistigh den 10 nóiméad den scrúdú.

An bhfuil rialacha ann a bhaineann le nótaí, leabhair, fóin póca, uaireadóirí cliste, feistí leictreonacha, etc. a thabhairt isteach san ionad scrúdaithe nó an bhfuil aon rialacha eile maidir le cúbláil?

Tá rialacha dochta faoi na rudaí a bhfuil cead agat agus nach bhfuil cead agat a thabhairt isteach san ionad scrúdaithe agus faoi chúbláil nó iarracht cúbláil a dhéanamh sna scrúduithe. Tá na rialach sin ag deireadh an Treoirleabhair seo ag <https://www.examinations.ie/?l=en&mc=ex&sc=se> - Sárú ar Rialacháin agus Iompar na n-Iarrthóirí le linn scrúduithe.

Beidh ar taispeáint i ngach ionad, fógra dar teideal *“Aire – Pionós i leith Sárú ar Rialacháin”* ar chóir duit d'aird a dhíriú air.

Is mar chabhair duit a leagtar amach an méid seo a leanas ach ní léiriú dlíthiúil ar na rialacha iad:

- Seachas do pháipéar scrúdaithe agus do fhreagarleabhar, níl cead agat aon leabhair, meabhráin, nótaí, páipéir, fóin póca, uaireadóirí cliste, bainc sonraí, trealamh leictreonach, etc. a thabhairt isteach i halla an scrúdaithe ná na rudaí sin a bheith i do sheilbh nó faoi rialú agat.
- Níl cead aon cheann de na rudaí sin a úsáid (ach tabhair de d'aire gur ionann iad a bheith agat agus na rialacháin a shárú).
- Níl cead cabhrú nó iarracht a dhéanamh cabhrú le hiarrthóir eile.
- Níl cead cabhair a fháil nó iarraidh cabhair a fháil ó iarrthóir eile.
- Níl cead cumarsáid a dhéanamh nó iarraidh cumarsáid a dhéanamh ar aon tslí le hiarrthóir laistigh den ionad, ná cumarsáid a dhéanamh ar mhodh leictreonach le duine eile lasmuigh den ionad.

Cad a tharlóidh má mheastar go bhfuil cúbláil á déanamh agam sna scrúduithe?

Ar mhaithe le cothrom na feinne a thabhairt do gach iarrthóir, ní mór do CSS a bheith deimhneach gur ar shlí ionraic a bronnadh marcanna agus i gcás go dtugtar le fios go ndearnadh cúbláil nó mí-ionracas eile i ndáil leis na scrúduithe nó go bhfuil amhras ann nó go líomhnaítear go ndearnadh a leithéid, déanfaidh CSS é sin a imscrúdú. Tá sé fíor-thábhachtach go ndéanfar é sin chun sláine chóras scrúdaithe Stát na hÉireann a chaomhnú agus chun bonn a chur faoin gcothromas agus faoin gcóir laistigh den chóras d'fhonn a chumasú do gach iarrthóir a gcuid éachtaí a léiriú ar bhonn cothroime.

Má bhíonn amhras ann go ndearna tú cúbláil le linn na scrúduithe, ceanglaítear ar an bhFeitheoir tuarascáil a chur chuig CSS agus aon fhianaise atá ar fáil a d'fhéadfadh a bheith ar áireamh inti leabhair, nótaí, feistí, etc. a sholáthar i dteannta na tuarascála.

Cuirtear prionsabail an cheartais aiceanta i bhfeidhm nuair a dhéantar cásanna den sórt sin a fhiosrú. Tráth níos déanaí, cuirtear sonraí in iúl don scoil maidir leis an bhfianaise atá ar fáil, amhail tuarascálacha ón bhfeitheoir, rudaí a baineadh díot, nótaí nó obair a ullmhaíodh agus a léiríonn fianaise i dtaobh claonpháirteachais, agus tabharfar cuireadh duit freagra a thabhairt ar an bhfianaise a chuirtear ar fáil. Beidh cead ag údarás na scoile freisin trácht a dhéanamh más cuí leis déanamh amhlaidh. Cuirtear an cinneadh i scríbhinn chuig an iarrthóir. Féadfar achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh chun toradh a choimeád siar. Cé go ndéantar gach iarracht imscrúdú a chríochnú sula n-eiseofar torthaí na scrúduithe, ní féidir sin a dhéanamh i gcónaí. Sna himthosca sin, coimeádtar na torthaí siar ar bhonn gan dochar go dtí go ndéanfar cumarsáid bhreise leis na scoileanna agus na hiarrthóirí lena mbaineann.

Cad iad na pionóis a ghearrfar orm má chinntear gur sháraigh mé na rialacha?

Tugann CSS rabhadh láidir do gach aon mhac léinn go bhféadfaidh go mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha i ndán dóibh má dhéanann siad iarracht cúbláil a dhéanamh. D'fhéadfaidís marcanna nó an toradh iomlán san ábhar a chailliúint; d'fhéadfaidís torthaí an scrúdaithe ina iomláine a chailliúint; nó d'fhéadfaí toirmeasc a bheith orthu ó chur isteach ar aon cheann de na scrúduithe Stáit ar feadh tréimhse sonraithe. Go ginearálta, má sháraíonn tú na rialacha maidir le mír den scrúdú a chríochnaigh tú i scrúdú nach raibh feitheoir i láthair ann (ie. obair a rinneadh ar feadh tréimhse ama ar nós obair tionscadail, obair chúrsa, etc.) tá an chosúlacht ann go gcaillfidh tú na marcanna uile don mhír sin. Má sháraíonn tú na rialacha i scrúdú ina bhfuil feitheoir i láthair (ar nós scrúdú scríofa, béaltrial, nó tástáil phraiticiúil) tá an chosúlacht ann go gcaillfidh tú an toradh don scrúdú ina iomláine. Tabhair de d'aire áfach, go bhféadfaidh pionóis níos tromchúisí a bheith á gcur i bhfeidhm, ag brath ar a thromchúisí atá an cion agus áirítear orthu sin torthaí uile an scrúdaithe a choimeád siar (an Ardteistiméireacht ina hiomláine) agus/nó toirmeasc ar chur isteach ar scrúduithe stáit sa todhchaí. Cuirtear pionóis i bhfeidhm de réir Rial 76 de na Rialacha agus Clár d'Iarbhunscóileanna. Déanfaidh CSS breithniú freisin i dtaobh cibé acu an cion faoi Alt 52 den Acht Oideachais é an teagmhas. Má mheastar go ndearnadh cion, déileálfar leis an teagmhas faoin reachtaíocht.

6. Socruithe Réasúnta do mhic léinn a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu

Cad iad na socruithe atá ann d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu?

Má tá riachtanais oideachais speisialta agat (lena n-áirítear deacrachtaí foghlama chomh maith le haon riocht coirp, amhairc, éisteachta, céadfach, mothálach, iompair nó riocht eile, idir bhuan agus sealadach) a chuireann bac mór ar do chumas rochtain a fháil ar na scrúduithe, beidh iarratas ar shocrú réasúnta a fháil curtha isteach agat nó ag an scoil cheana féin chuig CSS. I roinnt cásanna, baineann an socrú le díolmhú a fháil ó scrúdú a chur ort nó ó rud lena mbaineann scrúdú a chur ort, ar nós litriú cruinn.

Is éard is aidhm leis na socruithe réasúnta:

- a) aon bhac ar rochtain a fháil ar na scrúduithe a bhaint, a mhéid is féidir, agus a chumasú duit do leibhéal éachta a léiriú, agus
- b) a chinntiú, le linn deis a thabhairt duit do leibhéal éachta a léiriú, nach mbeidh aon bhuntáiste míchothrom agat thar na hiarrthóirí eile sa scrúdú céanna

Is iad seo samplaí de shocrúithe réasúnta: rochtain ar chúnamh léitheoireachta, páipéir mhodhnaithe, aistriúcháin Braille nó páipéir scrúduithe a bheith faoi chló méadaithe. Féadfaidh a bheith ar áireamh sna socruithe cead a thabhairt duit do chuid freagraí a thaifeadh ar fheiste taifeadta nó ar phróiseálaí focail nó do chuid freagraí a dheachtú do scríobhaí. Má deonaíodh socrú réasúnta duit, beidh cóip den litir ó CSS faighte agat maidir leis an socrú agus beidh tú ar an eolas faoin gcineál socraithe atá ann go beacht a bheidh le soláthar duit. Má tá ceist ar bith agat faoi na scrúithe réasúnacha, féach ar an litir sin agus ar na leabhráin Socruithe Réasúnta ag Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2021: ‘Treoir do Mhic Léinn’ agus ‘Teoracha do Scoileanna’.

Má tá aon cheist agat faoi shocrúithe réasúnta, déan teagmháil le Rannóg na Socruithe Réasúnta
Fón 090-6442782 Facs: 090 644 2744 Rphost: race@examinations.ie

Cé na socruithe a dhéantar d’iarrthóirí atá breoite nó a mbaineann timpistí dóibh díreach roimh na scrúduithe nó lena linn?

Mar atá leagtha amach cheana féin, caillfidh tú roinnt de do scrúduithe nó iad ar fad más rud é, roimh thús thréimhse na scrúduithe nó lena linn

- go bhfuil COVID-19 fáthmheasta i do leith.
- go bhfuil tú tinn agus go bhfuil airíonna COVID-19 á léiriú agat.
- go bhfuil tú ag féin-leithlisiú nó gur tugadh treoir duit féin-leithlisiú a dhéanamh.
- go bhfuil tú i gcoraintín nó go bhfuil srianta ort ar shlí eile.
- gur dhlúth-theagmhálaí duine eile tú a bhfuil cás daingnithe ina leith.

Féadfaidh tú do scrúduithe a chailliúint ar chúiseanna eile amhail éigendálacha leighis eile lena n-áirítear dul in ospidéal.

Faoi forálacha láithreacha na Scéime RACE, leanfaidh CSS de gach iarracht a dhéanamh ar mhaithe le hiarrthóirí a mbaineann timpistí nó tráma eile dóibh, díreach roimh na scrúduithe nó lena linn. D’ainneoin sin, mar gheall ar COVID-19, tá teorainneacha móra lena bhfuiltear in ann a shocrú. Ní dhéanfar aon scrúduithe in ospidéal nó in aon áiteanna eile nach faoi réir scoile iad agus má bhíonn aon imní ann go mbaineann tinneas le COVID, ní cheadófar duit na scrúduithe a dhéanamh. Má éiríonn tú tinn, (de bharr tinneas nach COVID-19 é), nó má bhaineann gortú duit, tá socruithe teoranta áirithe is féidir a dhéanamh idir CSS agus an scoil ar choinníoll go mbeidh tú in ann dul ar aghaidh le do scrúdú ar an dáta sceidealta. Féadfaidh a bheith ar áireamh orthu sin, sosanna faoi mhaoirsiú le linn na scrúduithe; rochtain ar ionad scrúdaithe is lú; athruithe ar amanna tosaithe agus críochnaithe na scrúduithe ar choinníoll gur ar an dáta atá ar an amchlár foilsithe a dhéanfar an scrúdú. Is ag do scoil atá an cumas is fearr chun breithniú a dhéanamh ar cibé socruithe is oiriúnach duit agus is ar mhaithe leat a ghníomhaíonn sí.

D’ainneoin seacht ndícheall gach duine lena mbaineann, féadfaidh imthosca a bheith ann nach mbeidh iarrthóirí nó grúpaí iarrthóirí in ann a gcuid scrúduithe a dhéanamh agus beidh orthu brath ar Ghráid Chreidiúnaithe ina n-ionad sin.

An gcuirfear scrúduithe ionadúla ar siúl i mbliana d’iarrthóirí a bhfaigheann duine muinteartha leo bás le linn na scrúduithe nó ar aon chúis eile?

Ní chuirfear. Níl aon suí ionadúil don Ardteistiméireacht in 2021 agus aon iarrthóir incháilithe nach féidir leis nó léi na scrúduithe a dhéanamh i mbliana, beidh siad in ann brath ar na Gráid Chreidiúnaithe atá ar fáil dóibh.

An bhfuil aon socruithe a fhéadfar a bhreithniú i gcás go bhfaigheann duine muinteartha liom bás?

I gcás go bhfaigheann duine muinteartha nó neasghaol bás, beidh solúbthacht ann i gcónaí maidir le scrúdú a sceidealú nó chun cead a thabhairt scrúdú a thosú níos luaithe nó níos déanaí lá na sochraide ach ní bheidh aon deis ann scrúdú a dhéanamh ar dháta eile mar a bhí in 2019. Má tharlaíonn éigeandáil, is ón scoil a gheobhaidh tú an cúnaimh is fearr. Faoin am a chuirfear tús leis na scrúduithe, beidh an scoil ar an eolas faoi cibé acu an bhfuil iarrthóir, a d’éirigh tinn nó a gortaíodh, cáilithe chun Grád Creidiúnaithe a fháil agus cuirfear sin san áireamh le linn socruithe ionadúla a chur i bhfeidhm.

An dtabharfar isteach na scrúduithe ionadúla arís an bhliain seo chugainn?

Sa bhliain 2019, thug CSS isteach, ar bhonn eatramhach píolótach, foráil theoranta, arbh í ceann d'fhorálacha éigeandála na Scéime RACE í, chun tacú le hiarrthóirí na hArdteistiméireachta a bhfuair neasghaol leo bás le linn thréimhse na scrúduithe scríofa. Faoin socrú sin, tugadh cead d'aon iarrthóir a bhfuair neasghaol leis nó léi bás suas le trí lá dá scrúduithe a chur siar agus na scrúduithe a bhí cailte acu a dhéanamh ag suí ionadúil na scrúduithe i mí Iúil na bliana sin. Is éard a bhí mar aidhm leis an mbeart sin, go dtabharfaí dóthain ama don iarrthóir sin chun ullmhú don tsochraid agus freastal uirthi gan bheith ag dul i ngleic leis na scrúduithe go léir.

Tar éis an bhirt eatramhaigh phíolótaigh sin in 2019, chuir Bord CSS tús le hathbheithniú cuimsitheach ar an gceist níos leithne faoi cén tslí is fearr a dtabharfar tacaíocht d'iarrthóirí a fhulaingíonn tráma agus cruachás tráth na scrúduithe.

Mar chuid den phróiseas athbheithnithe, ar chuir COVID-19 isteach air, bhí taighde ar chleachtais eile i ndlínsí eile agus idirphlé le páirtithe leasmhara agus le hiarrthóirí. Beidh CSS ag cur tús arís leis an bpróiseas athbheithnithe cuimsitheach sin a luaithe is indéanta.

An mbeidh cead agam foclóir dátheangach a bheith agam sna scrúduithe i gcás nach í an Ghaeilge nó an Béarla mo mháthairtheanga?

Beidh cead sna cásanna seo a leanas agus sna cásanna sin amháin. Féadfaidh tú foclóir dátheangach idir do mháthairtheanga agus Béarla nó Gaeilge (e.g. Rúisis-Béarla-Béarla-Rúisis) a úsáid ach ní foclóir aonteangach (e.g. foclóir Rúisise ina dtugtar míniú ar fhocail sa Rúisis).

- Féadfaidh tú foclóir dátheangach a úsáid i ngach scrúdú seachas sna scrúduithe seo:
 - scrúdú i do mháthairtheanga
 - scrúdú Gaeilge
 - scrúdú Béarla
 - scrúdú i dteanga a bhfuil gaol gairid idir an teanga sin agus do mháthairtheanga.
- Ní cóir go mbeadh aon mhínithe sa teanga chéanna nó sainmhíniúcháin san fhoclóir dátheangach a úsáidtear.
- Níl cead foclóir leictreonach, gluais, liosta focal nó gléas aistriúcháin a úsáid.
- Ní cóir go mbeadh aon nótaí mínithe breise san fhoclóir a úsáidtear.
- Ba chóir foclóirí dátheangacha a bheith de réir **Chiorclán S04/19 Foclóirí Dátheangacha a Úsáid sna Scrúduithe Teastais**

7. Gráid Chreidiúnaithe – Socruithe teagmhais d'iarrthóirí nach féidir leo a Scrúduithe a dhéanamh

Maidir leis na Gráid Chreidiúnaithe, tá siad ar fáil mar rogha do na hiarrthóirí agus chomh maith leis sin beidh siad ar fáil mar chosaint dóibh i gcás nach mbeidh siad in ann na scrúduithe a dhéanamh, ar chúis ar bith. Caithfear a chur san áireamh freisin cúinsí nach mbeidh CSS in ann na scrúduithe a réachtáil mar gheall ar chur isteach suntasach a bheith ann ar nós dúnadh na scoileanna nó dianghlasáil áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta a bheith ann, ach níl baol ró-mhór ann go dtarlóidh sé sin.

Fiú amháin mura bhfuil rogha déanta agat chun Gráid Chreidiúnaithe a fháil, agus ar choinníoll go bhfuil tú incháilithe chun iad a fháil, beidh siad ar fáil mar theagmhas duit. Agus más incháilithe tú, beidh deis eile agat chun Gráid Chreidiúnaithe a fháil mura bhfuil siad roghnaithe agat (Féach na sonraí thíos).

An mbeidh rochtain ag gach iarrthóir ar Ghráid Chreidiúnaithe?

Rinneadh gach iarracht chun a chinntiú go mbeidh an deis agat Gráid Chreidiúnaithe a fháil. Maidir leis sin, beidh eolas ag an scoil faoi na hábhair go léir atá á ndéanamh agat sa scoil ar eolas é a sholáthraítear thar do cheann.

Maidir leis an bpróiseas trína soláthraítear Gráid Chreidiúnaithe duit i gcás tú a bheith i d'fhoghlaimoír nach bhfreastalaíonn ar scoil nó i d'iarrthóir scoile a dhéanann ábhair taobh amuigh den scoil, bhí ort a bheith réamhghníomhach san idirphlé a bhí agat i bpróiseas iomchuí na nGrád Creidiúnaithe. Ní féidir Gráid Chreidiúnaithe

a sholáthar duit, fiú mar theagmhas, mura bhfuil idirphlé déanta agat sa phróiseas, nó i gcás go ndearna tú idirphlé sa phróiseas ach nár sholáthair tú dóthain fianaise ar do chuid foghlama san ábhar nó sna hábhair chun go dtabharfaí marc measta duit.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, i gcás nárbh fhéidir Grád Creidiúnaithe a sholáthar duit agus nár fhreastal tú ar do scrúdú nó scrúduithe ar chúis ar bith, gurb iad scrúduithe Ardteistiméireacht 2022 an chéad deis eile a bheidh agat na scrúduithe a dhéanamh.

Níor roghnaigh mé Gráid Chreidiúnaithe i gcomhair roinnt ábhar nó na n-ábhar uile de mo chuid. An bhfuil sé ródhéanach anois?

Bhí an Tairseach Féinseirbhíse d'Iarrthóirí Ardteistiméireacht 2021 ar oscailt duit ón 27 Aibreán go dtí an 1 Bealtaine chun a chumasú duit do roghanna scrúduithe, Gráid Chreidiúnaithe nó iad araon le haghaidh Ardteistiméireacht 2021 a athbhreithniú agus a dhaingniú. Tá an Tairseach Féinseirbhíse d'Iarrthóirí dúnta agus níl aon deis eile ann roghanna a uasdátú ar an tairseach anois.

D'ainneoin sin áfach, tabharfar deis eile d'iarrthóirí incháilithe nár roghnaigh Gráid Chreidiúnaithe é sin a dhéanamh níos déanaí sa samhradh. Ní gá duit aon ní a dhéanamh chuige sin ag an am seo. Déanfaidh CSS teagmháil leis na hiarrthóirí incháilithe go léir i rith an tsamhraidh agus tabharfar an rogha dóibh Gráid Chreidiúnaithe a fháil. Más ag freastal ar scoil atá tú, beidh tú incháilithe le haghaidh na n-ábhar sin atá á ndéanamh agat ar scoil.

Is éard atá i gceist leis an deis eile seo chun Gráid Chreidiúnaithe a fháil, go soláthrófar an Grád Creidiúnaithe do na hiarrthóirí sin is incháilithe, is cuma an ndéanann siad na scrúduithe sna hábhair iomchuí nó nach ndéanann, beag beann ar cén chúis atá leis.

Nóta: ní bhaineann an deis eile seo leat más foghlaimeoir tú nach bhfreastalaíonn ar scoil nó más mac léinn tú a dhéanann ábhair taobh amuigh den scoil. Bhí próiseas iarratais an-sonraithe ann ina raibh ort idirphlé a dhéanamh agus fianaise maidir le do chuid foghlama a chur ar fáil lena breithniú an 21 Bealtaine nó roimhe sin. Tá deireadh anois leis na dátaí iarratais go léir do phróisis na n-iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar scoil agus níl aon deis ann níos mó chun idirphlé a dhéanamh i bpróiseas na nGrád Creidiúnaithe.

8. Gráid Chreidiúnaithe – An Próiseas Caighdeánaithe –

Cén t-eolas a úsáideofar i bpróiseas caighdeánaithe na nGrád Creidiúnaithe

Mar chuid de phróiseas na nGrád Creidiúnaithe de chuid CSS, iarradh ar scoileanna marcanna a mheastar ag na scoileanna a sholáthar i ngach ábhar le haghaidh gach mic léinn. Soláthraíodh na marcanna sin tar éis próiseas ailínithe a dhéantar sa scoil agus ceadaíodh iad ag leibhéal na scoile. Is é an príomhchuspóir leis an bpróiseas ailínithe a chinntiú go bhfuil caighdeán chuí á gcur i bhfeidhm ag gach múinteoir a sholáthraíonn marcanna céatadánacha measta i leith an ábhair chéanna sa scoil agus go bhfuil comhleanúnachas ann idir na múinteoirí le linn dóibh sin a dhéanamh.

Is léir ón taighde, maidir le breithiúnais a dhéanann múinteoirí i gcomhthéacs gach scoile, gur gá na breithiúnais sin a scrúdú agus a choigeartú ag leibhéal náisiúnta chun a chinntiú gur inchomparáide iad ar fud scoileanna éagsúla agus go gcuirtear caighdeán náisiúnta i bhfeidhm. Déanfar marcanna céatadánacha measta na scoileanna a chónasc le sonraí náisiúnta a bailíodh le déanaí agus trí phróiseas ar a dtugtar caighdeánú beifear in ann Gráid Chreidiúnaithe-CSS a ghiniúint. Is é is aidhm leis an bpróiseas caighdeánaithe sin laghdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr scoileanna de bheith ag cur caighdeán éagsúla i bhfeidhm ina gcuid meastachán, d'ainneoin a gcuid iarrachtaí gan déanamh amhlaidh. Déanfar a chinntiú leis an bpróiseas caighdeánaithe ag leibhéal náisiúnta an oiread cothroime is féidir ann d'iarrthóirí na bliana seo.

Ní úsáidfeadh sa phróiseas caighdeánaithe sonraí stairiúla scoil ar scoil atá bunaithe ar fheidhmíocht i Scrúduithe na hArdeistiméireachta roimhe seo. Is éard a fhéadfaidh a bheith sa phróiseas seo, sonraí faoi fheidhmíocht rang na hArdeistiméireachta 2021 sa Teastas Sóisearach, sonraí maidir leis na Arteistiméireacht a bailíodh le déanaí **ó na blianta roimhe seo** agus dáileadh náisiúnta thorthaí na mac léinn.

An gcuirfear mo chuid scrúduithe san áireamh i mo Ghrád Creidiúnaithe?

Ní bhainfear úsáid as do chuid feidhmíochta i scrúduithe 2021 chun do Ghrád Ceidiúnaithe a ríomh.

Má dhéanann tú na scrúduithe, agus molaimid duit go láidir iad a dhéanamh, tabharfar marc don scrúdú duit. Sula n-eiseofar na torthaí, cuirfear toradh do scrúdaithe i gcomparáid le do Ghrád Creidiúnaithe agus gheobhaidh tú an toradh is fearr duit. Tar éis na torthaí a eisiúint, feicfidh tú cén chaoi ar éirigh leat sna scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe atá agat i ngach ceann de d'ábhair. Is mar eolas amháin é sin. Maidir leis an toradh oifigiúil, arb é an ceann a sholáthrófar duit i do chuid torthaí sealadacha, do CAO, agus tar éis aon phróisis achomhairc, a bheidh mar thoradh críochnaitheach na hArdteistiméireachta agat, is é sin an toradh is fearr a gheobhaidh tú idir an dá phróiseas sin.

Reachtálfar na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe mar dhá phróiseas ar leithligh agus ní thabharfar le chéile iad ach amháin chun an toradh is fearr a chinneadh do na hiarrthóirí sin a bhfuil an dá phróiseas sin roghnaithe acu.

9. Próiseas Marcála na Scrúduithe

An ndéantar botúin riamh ar an scrúdpháipéar? Má dhéantar, cad a dhéanann CSS?

Tá réimse leathan beart i bhfeidhm ag CSS le linn phróiseas leagtha amach na scrúdpháipéar ionas nach ndéanfar botúin ar an gcéad ásc nó chun botúin a bhrath sula gcuirfear na scrúduithe ar siúl. Ar an drochuair, i gcás gach córais scrúdaithe, agus beag beann ar na bearta leitheadacha sin, go dtarlaíonn sé, cé gur fíor-annamh é, nach ndéantar botún ar scrúdpháipéar a bhrath roimh an scrúdú. Is é an bunphrionsabal atá againn i gcónaí, nach féidir botún ar scrúdpháipéar a bheith ina mhíbhuntáiste duit.

I gcás botún ar bith a bheith ann, cuirfimid bearta i bhfeidhm chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go ndéanfar de réir an phrionsabail sin. Beidh na bearta sin á n-athrú, ós rud é gur toradh ar anailís shonrach iad a dhéanfar ar an tionchar is dóigh a bheidh, agus a bhreathnaítear a bheidh ag an mbotún ar do chuid oibre. Chun tuilleadh sonraí a fháil faoin tslí a ndéileáiltear le botúin ar scrúdpháipéir téigh chuig ár suíomh gréasáin ag www.examinations.ie.

An mbeidh na scrúdpháipéir den fhormáid agus den struchtúr céanna leis na mblianta roimhe seo?

Mar fhreagra ar an gcur isteach ar fhoghlaim na n-iarrthóirí le linn na dtréimhsí ina raibh na scoileanna dúnta, tá dhá réimse coigeartuithe déanta i gcomhair scrúduithe na hArdteistiméireachta:

- Rinne an Roinn Oideachais *Socrúithe Measúnaithe don Teastas Sóisearach agus do Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2021* a fhoilsiú i Meán Fómhair 2020 agus leagan uasdátaithe den doiciméad sin a fhoilsiú i mí na Nollag 2020. <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Curriculum-and-Syllabus/assessment-arrangements-junior-cycle-and-leaving-certificate-examinations-2021.pdf>
- Rinne CSS réimse eile coigeartuithe i Márta 2021 arbh é an cuspóir a bhí leo baint den ualach a bhí ar iarrthóirí le linn dóibh ullmhú a dhéanamh do na scrúduithe agus ar lá na scrúduithe chomh maith <https://www.gov.ie/en/publication/70c4d-further-adjustments-to-the-written-examinations/>

Léireofar ar na scrúdpháipéir scríofa na coigeartuithe breise a fógraíodh. Bhí sé d'aidhm ag CSS struchtúr agus leagan amach foriomlán an scrúdpháipéir a choimeád ionas go mbeadh na scrúdpháipéir le haithint go héasca. Níor cuireadh aon ábhar nua leis na páipéir dá bhrí sin, agus is beag a baineadh díobh. Aon leasuithe a rinneadh ar na páipéir, rinneadh iad trí na teoracha ar an scrúdpháipéar a athrú, a mhéid ab fhéidir. Maidir le páipéir na Gaeilge, ní rabhtas in ann aon choigeartú cóir a dhéanamh ar pháipéar 1, agus is ar pháipéar 2 amháin a rinneadh iad.

I bhformhór na gcásanna tá rogha breise á thabhairt trí laghdú a dhéanamh ar líon na gceisteanna atá le freagairt sa scrúdú. Mar gheall air sin, laghdófar an méid ama is gá chun an scrúdú a chríochnú, ach ní athrófar fad ama gach scrúdaithe, rud a fhágann go mbeidh maolú substaintiúil ar aon bhrú ama.

Sa bhliain 2021, cuirfear san áireamh leis na scrúduithe agus leis an marcáil na coigeartuithe a fógraíodh i Meán Fómhair agus i mí na Nollag 2020 agus na coigeartuithe eile a fógraíodh i Márta 2021.

An mbeidh scrúduithe na bliana seo den chaighdeán céanna leis an blianta roimhe seo?

Tá freagracht ar CSS caighdeáin scrúdaithe chomhleanúnacha a choimeád ar bun ó bhliain go bliain. Leagann sé síos nósanna imeachta sonraithe nach mór do na daoine sin, a bhfuil baint acu leis na scrúdpháipéir a leagan amach, iad a leanúint le go gcinnteofar, a mhéid is féidir a thuar roimh ré, go mbeifear ag súil leis an gcaighdeán céanna le scrúduithe na mblianta roimhe sin. Más rud é nach mbeidh leibhéal deacrachta an scrúdaithe cothrom d'ainneoin na nósanna imeachta sin, is tríd an scéim mharcála agus cur i bhfeidhm na scéime sin a dhéaileálfar leis. Ullmhaítear an dréacht-scéim mharcála roimh an scrúdú agus déanann na saineolaithe ar na hábhair breithniú uirthi, go cúramach, tar éis an scrúdaithe. I dteannta an eolais agus na taithí atá acu, cuireann siad san áireamh gach a bhfuil breathnaithe acu ó ghrúpaí múinteoirí agus eile. Baineann siad triail as leagan den scéim mharcála ar shampla d'obair iarrthóra a roghnaítear go randamach, chun féachaint an bhfuil an scéim cothrom agus cóir agus chun a chinneadh cibé acu an léirítear leis an bpáipéar agus an scéim mharcála le chéile na caighdeáin chéanna scrúdaithe a bhí ann sna blianta roimhe sin. Déanann siad coigeartú ar an scéim más gá agus ansin déanann siad obair an iarrthóirí ina hiomláine a mharcáil trí úsáid a bhaint as an leagan críochnaitheach sin den scéim mharcála. Chun tuilleadh sonraí a fháil faoin tslí a ndéantar socrú an chaighdeáin agus na próisis mharcála, lena n-áirítear bearta dearbhaithe cáilíochta, téigh chuig suíomh gréasáin CSS ag www.examinations.ie

Cé a mharcálann mo chuid oibre?

Déanann an CSS scrúdaitheoirí, múinteoirí a bhfuil taithí acu san ábhar ar leith go hiondúil, a cheapadh chun an mharcáil a dhéanamh. Cuireann baill d'fhoireann Rannóg na Scrúduithe agus an Mheasúnaithe san CSS oiliúint orthu agus déanann siad monatóireacht orthu.

Conas a dhéantar mo chuid oibre a mharcáil?

Chun a dheimhniú go ndéantar obair gach iarrthóra a mharcáil ar an gcaoi chéanna, ullmhaítear scéim mharcála do gach scrúdú. Bíonn an scéim mharcála i bhfad níos mionsonraithe ná an dáileadh marcanna a thaispeántar ar an scrúdpháipéar, agus déileáiltear ann leis na bealaí inghlactha le gach ceist a fhreagairt. Scrúdaitheoirí a bhfuil seantaithí acu ar an obair a chuireann an scéim mharcála i gcrích le linn comhdhálacha a thionóltar go gairid tar éis na scrúduithe. Fágann sé sin gur féidir tuairimí faoin bpáipéar atá nochta ag cumann múinteoirí an ábhair, agus ag páirtithe leasmhara eile, a chur san áireamh. Foilsíonn an CSS scéim mharcála do gach ábhar ina dhiaidh sin. Beidh na scéimeanna marcála ar fáil sna scoileanna agus ar www.examinations.ie in am don bhreathnú ar na scrípteanna.

Conas a dhéantar monatóireacht ar phróiseas na marcála?

Déanann an Príomhscrúdaitheoir monatóireacht ar mharcáil na scrúduithe agus féachann sé/sí chuige go ndéanann na scrúdaitheoirí go léir an mharcáil de réir na scéime marcála. Ag céimeanna éagsúla le linn phróiseas na marcála, cuireann scrúdaitheoirí isteach samplaí d'obair iarrthóirí atá marcáilte acu. Soláthraíonn siad staitisticí freisin i dtaca leis na marcanna atá á mbronnadh acu chun gur féidir leanúint leis an monatóireacht ar phróiseas na marcála i rith an ama.

10. Marcáil ar líne

Cad iad na hábhair a bheidh á marcáil ar líne i mbliana?

Tá córas marcála ar líne in úsáid ag CSS ó 2017 i leith chun ábhair scrúdaithe áirithe a mharcáil agus tá éirithe go maith leis an gcóras sin. Déantar leis sin scrípteanna a scanadh, a aistriú ina n-íomhánna digiteacha, agus a mharcáil ag scrúdaitheoirí a bhaineann úsáid as bogearraí atá deartha chuige sin go speisialta. Is iad seo a leanas na hábhair de chuid na hArdteistiméireachta a beidh á marcáil ar líne in 2021:

Ábhar	Leibhéal
Béarla	Ardleibhéal
Matamaitic	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Stair (scrúdpháipéar scríofa agus obair chúrsa)	Ardleibhéal
Tíreolaíocht (scrúdpháipéar scríofa agus obair chúrsa)	Ardleibhéal
Fraicis	Ardleibhéal
Bitheolaíocht	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Ceimic	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Fisic	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Eacnamaíocht Bhaile (scrúdú scríofa agus obair chúrsa)	Ardleibhéal
Gairmchlár na hArdteistiméireachta (páipéar scríofa amháin)	Comhleibhéal

Cad a chiallaíonn sé sin dom?

Déanfaidh tú do chuid scrúduithe ar an ngnáthbhealach. Déanfar do scrípteanna sna hábhair sa tábla thuas a scanadh nuair a thagann siad ar ais ón ionad scrúdaithe agus déanfar iad a thiontú ina script leictreonach. Coimeádfar do script ar pháipéar freisin. Déanfaidh na scrúdaitheoirí na híomhánna scanta a mharcáil ag baint úsáid as bogearraí atá deartha go speisialta chun na críche sin. Tá do chuid oibre á marcáil **AR** ríomhaire, ní hé ríomhaire atá **Á** marcáil. Mar thoradh ar an marcáil ar líne déanfar marcáil iontaofa atá ar ardchaighdeán de do chuid freagraí scrúduithe a éascú.

An bhfuil aon athruithe ar na scrúdpháipéir nach mór dom bheith ar an eolas fúthu mar thoradh ar mo scrípteanna a bheith á marcáil ar líne?

Níl aon athrú ábhartha déanta ar a bhfuil sna scrúdpháipéir mar thoradh ar iad a mharcáil ar líne. Baineann na hathruithe a bhfuil cur síos orthu anseo, le formáidiú agus le dealramh amháin.

Tá trí fhoirmáid éagsúla de scrúdpháipéar ann:

- scrúduithe ina bhfuil an scrúdpháipéar ar leithligh ón bhfreagarleabhar cineálach nó ó aon stáiseanóireacht eile a úsáidtear.
- scrúduithe ina bhfuil leabhar ceisteanna agus freagraí a bheidh le tabhairt ar ais agus ar a bhfuil na ceisteanna go léir agus na spásanna le haghaidh na bhfreagraí orthu.
- scrúduithe ina bhfuil leabhar ceisteanna agus freagraí a bheidh le tabhairt ar ais agus ar a bhfuil na ceisteanna dá dtugtar freagraí gairide agus na spásanna le haghaidh na bhfreagraí sin, agus leathanaigh a bhfuil línte orthu le haghaidh na gceisteanna dá dtugtar freagraí fada. Maidir leis na ceisteanna sin dá dtugtar freagraí fada, is ar cheistpháipéar ar leithligh atá siad.

Maidir leis an tríú foirmáid a liostaítear thuas, is éard a bhí sna scrúduithe sin roimhse seo cuid amháin ina raibh leabhar ceisteanna agus freagraí a bhí le tabhairt ar ais agus cuid eile ina dtugtaí na freagraí i bhfreagarleabhar ar leithligh. De réir mar a leathnófar an mharcáil ar líne sna hábhair sin áfach, beidh athrú ar an sorcú sin. Beidh sa leabhar ceisteanna agus freagraí a bheidh le tabhairt ar ais, leathanaigh a mbeidh línte orthu chun freagraí a scríobh le haghaidh na míre a dtugtaí freagraí ina leith i bhfreagarleabhar ar leithligh roimhe seo. Déanfar leis sin deireadh a chur leis an ngá le stáiseanóireacht ar leithligh sna hábhair sin don chuid is mó de do scrúduithe.

Is é an tionchar a bheidh ag an athrú sin, i ngach cás, go dtabharfaidh tú ar ais leabhar ceisteanna agus freagraí a bheidh le tabhairt ar ais, nó freagarleabhar, ach ní an dá cheann araon.

Is iad seo a leanas na hábhair a bheidh á marcáil ar líne agus ag a mbeidh **leabhar ceisteanna agus freagraí le tabhairt ar ais** in 2021:

Ardteistiméireacht – Leabhar Ceisteanna agsu Freagraí le tabhairt ar ais	
Matamaitic	GCAT Nascmhodúil
Tíreolaíocht	Bitheolaíocht
Francis	Eacnamaíocht Bhaile

Tá roinnt athruithe tar éis a bheith déanta ar chuma na bpáipéar chun an próiseas scanta a éascú ar nós barrachóid curtha ar an gclúdach agus ar gach leathanach. Chomh maith leis sin, rinneadh mionathrú mar an gcéanna ar an gcuid gearrfhreagra de Bhitheolaíocht na hArdteistiméireachta agus is cuid a chuirtear ar ais léi féin anois í. Tá leabhar freagraí nua le húsáid i gCuntasaíocht, Matamaitic Fheidhmeach, Ealaíon, Ceimic, Innealtóireacht, Béarla, Stair, Fisic agus Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta agus cuirfidh an Feitheoir é sin ar fáil duit. Cuireadh samplaí ar fáil do do scoil agus tá sampla ar fáil le breathnú air ar ár suíomh gréasáin. Má tá aon cheann de na hábhair sin á dhéanamh agat, beidh ort an t-ábhar, leibhéal agus an leagan den pháipéar (Gaeilge/Béarla) a léiriú atá in úsáid agat agus na ciorcail ábhartha ar an gclúdach a scáthú isteach. Beidh ort uimhir gach ceiste a mharcáil go soiléir sa spás atá curtha ar fáil agus leathanach nua a úsáid do gach ceist. Tá grafpháipéar ar fáil sa leabhar freagraí nua ar fad mar sin níor chóir go mbeadh gá le bileoga scaoilte de ghrafpháipéar.

An féidir liom páipéar breise a iarraidh?

Leanfar de fhreagarleabhair fhorlíontacha 4-leathanach a chur ar fáil d’aon iarrthóir nach mbeidh aon spás fágtha le scríobh sa fhreagarleabhar. Más iomchuí, cuirfear leathanaigh ghraif agus stáiseanóireacht speisialta eile isteach sa leabhar ceisteanna agus freagraí a bheith le tabhairt ar ais. Maidir leis an bhfreagarleabhar forlíontach a bhfuil línte air, beidh sé ar fáil d’iarrthóirí nach bhfuil aon spás fágtha acu sa fhreagarleabhar a bheidh le tabhairt ar ais, aon uair a bheidh gá leis sin agus le haghaidh gach ceann de na hábhair. Beidh freagarleabhair ghraif fhorlíontacha agus freagarleabhair chuntasaíochta fhorlíontacha ar fáil ach iad a iarraidh.

Cad a tharlóidh má scríobhaim lasmuigh de na himill/limistéir cheaptha, an mbeidh mo chuid freagraí le feiceáil ag an scrúdaitheoir?

Ba chóir duit do chuid freagraí a chur i gcrích agus úsáid a bhaint as na spásanna atá curtha ar fáil ar an scrúdpháipéar/leabhar freagraí lena chinntiú go ndéantar na freagraí ar fad a ghabháil sa phróiseas scanta. Cé go ndéanfaidh an próiseas scanta íomhá ina bhfuil níos mó ná na spásanna amháin don scríbhneoireacht a ghabháil, tá seans beag ann nach mbeidh ábhar atá scríofa lasmuigh de na limistéir seo le feiceáil ag na scrúdaitheoirí.

An mbeidh cead agam peann luaidhe a úsáid sna scrúduithe nó an gcaithfidh mé peann Gorm nó peann Dubh a úsáid?

Sna scrúdpháipéir sna hábhair a dhéanfar a mharcáil ar líne beidh an treoir seo a leanas san áireamh “*Scríobh do chuid freagraí i bpeann dubh nó i bpeann gorm. Féadfaidh tú peann luaidhe a úsáid le haghaidh graf agus léaráidí amháin.*”

Bhí a lán ceisteanna againn faoin treoir seo ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus iarrthóirí agus ba mhaith linn é seo a shoiléiriú. Molaimid go mór go mbaineann tú úsáid as peann gorm nó peann dubh le do chuid freagraí a scríobh. Ba chóir go mbeadh úsáid na bpeann luaidhe (pinn luaidhe dhaite san áireamh) teoranta do ghraif agus léaráidí. Má bhaineann tú úsáid as peann luaidhe, ba chóir duit bheith ar an eolas go bhfuil seans ann nach mbeidh peann luaidhe atá éadrom le feiceáil go soiléir ag an scrúdaitheoir.

An bhfuil aon rud nár chóir dom a úsáid nuair atá mo scrúdú á chur i gcrích agam?

Níor chóir leacht ceartúcháin a úsáid ná níor chóir duit aon bhotúin a ghlanadh amach. Seachas sin, moltar duit líne a chur trí do bhotún agus leanúint ar aghaidh. Chomh maith leis sin, ná bain úsáid as pinn ghlóthacha ná pinn aibhsithe.

Athruithe eile is fiú a thabhart faoi deara a bhaineann le scrúduithe a bheidh á marcáil ar líne

- Tá marcanna a bhfuil cruth L orthu sna ceithre chúinne, agus tá limistéir arna sonrú go soiléir ina bhfuil do chuid freagraí le scríobh. Tá sé tábhachtach go gcoimeádann tú do chuid oibre aistigh de na limistéir sin agus

nach dtéann tú isteach sna himill, rud a fhágann go mbeidh baol ann nach mbeidh do chuid oibre le feiceáil ag an scrúdaitheoir.

- Ceanglófar ort freisin an **Lá Breithe agus Mí Breithe** agat a chur ar an gclúdach tosaigh, mar aon le do scrúduitheoir, agus é sin a dhéanamh i gcás gach stáiseanóireacht scrúdaithe a úsáideann tú.
- Maidir leis an bhfreagarleabhar nua cineálach atá barrachódaithe agus a bhfuil cur síos déanta air in Alt 3 thuas, ní mór duit a léiriú ann freisin cén t-ábhar, leibhéal agus teanga (Gaeilge nó Béarla) ar chucu a bheidh an leabhar á úsáid agat agus déantar é sin trí na ciorcail iomchuí ar an gclúdach a scáthú ina n-iomláine. Caithfear é sin a chríochnú go cúramach chun a chinntiú go dtabharfar an script don scrúdaitheoir ceart lena marcáil.
- Beidh ort marc soiléir a chur le huimhir gach ceiste laistigh den freagarleabhar sa spás a chuirtear ar fáil chuige sin agus tús a chur le gach ceist ar leathanach nua.

11. Torthaí – Ullmhú agus Eisiúint

Cathain a eiseofar na torthaí?

Táthar ag súil go n-eiseofar na torthaí i mbliana ar an Aoine, an 3 Meán Fómhair, agus is tríd an Tairseach Féin-Seirbhíse d'Iarrthóirí a dhéanfar sin.

Déanfaidh CSS na torthaí na hArdteistiméireachta a sholáthar freisin go díreach chuig an Lár-Oifig Iontrála (CAO). Fágann sé sin, cé gur ráitis de thorthaí shealadacha atá á n-eisiúint chuig na scoileanna, go mbeidh ar chumas CAO tosú ar na hiarratais ar áiteanna san ardoideachas a phróiseáil gan mhoill. Mar thoradh air seo déanfar na tairiscintí ar áiteanna san ardoideachas a eisiúint chugat a luaithe is féidir.

Tá sé sin níos déanaí ná mar is gnáth. Cad is cúis leis sin?

I ngnáthbhliain, agus tús á chur leis na scrúduithe Dé Céadaoin an 9 Meitheamh, bheadh na torthaí le heisiúint Dé Máirt an 17 Lúnasa. Caithfear a chur san áireamh le dáta eisiúna na dtorthaí i mbliana, próiseas marcála na scrúduithe agus próiseas na nGrád Creidiúnaithe a oibríonn go comhthreomhar agus a thugtar le chéile ag an deireadh lena n-eisiúint chuig iarrthóirí. Chun a chinntiú go mbeidh na torthaí a sholáthrófar d'iarrthóirí cruinn agus slán, is gá dóthain ama a fhágáil le haghaidh oibriú comhthreomhar an dá phróiseas chasta sin agus do chomtháthú na dtorthaí freisin lena gcinnteofar go mbeidh sna torthaí a bheidh á soláthar chuig iarrthóirí, bunaithe ar a gcuid roghanna aonair ar bhonn ábhar ar ábhar, torthaí scrúdaithe, Gráid Chreidiúnaithe nó an ceann is fearr den dá cheann sin.

Conas a dhéanann an CSS na torthaí a phróiseáil agus a dheimhniú?

Nuair a bhíonn marcáil na scrípteanna críochnaithe ag scrúdaitheoir cuirtear an t-eolas go léir ar ais go dtí an CSS. Déantar do mharcanna iomlána ar gach comhpháirt d'ábhar (béaltrial, trial chluastuisceana, obair phraiticiúil, páipéir scríofa, etc.) a iontráil sa chóras ríomhaireachta agus déanann oibrí éagsúil é a iontráil an dara huair chun a chinntiú go bhfuil gach rud cruinn ceart. Beidh réimse nósanna imeachta seiceála agus dearbhairthe cáilíochta ann freisin a chuirfear i bhfeidhm ar na Gráid Chreidiúnaithe.

An féidir botúin a bheith sa phróiseas scrúdaithe?

Is féidir botúin a bheith ann corruair. Tá próiseas chun breathnú ar scrípteanna agus próiseas na n-achomharc ann, áfach, sa chaoi is gur féidir leat a fheiceáil cad é go díreach mar a marcáladh do chuid oibre agus sa chaoi go mbeidh deis agat achomharc a dhéanamh má shíleann tú go ndearnadh botún. Nuair a chuirtear san áireamh an méid ollmhór scrípteanna agus ábhar eile scrúdaithe a bhíonn ann, agus an líon mór daoine a bhfuil baint acu le marcáil agus le próiseáil na dtorthaí, bíonn leibhéal an-íseal botún ann. Tá córas ag an CSS le gach rud a sheiceáil agus a athsheiceáil ionas gur féidir botúin a aimsiú agus a cheartú sula n-eisítear na torthaí.

Cén fhormáid a bhíonn ar na torthaí?

Ar an lá a eisítear na torthaí, gheobhaidh tú ráiteas torthaí sealadacha. Tá na torthaí sealadach ós iad a bheith faoi réir achomhairc. Ag brath ar na roghanna atá déanta agat, taispeánfar ar ráiteas na dtorthaí a gheobhaidh tú, torthaí do scrúduithe nó Gráid Chreidiúnaithe. In aon ábhar a ndearna tú an scrúdú air agus ar ina leith a roghnaigh tú Grád Creidiúnaithe, taispeánfar sna torthaí sealadacha an toradh is fearr a fuair tú idir na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe, ag tabhairt faoi deara nach mbeidh a fhios ag iarrthóirí tráth an eisithe an ón scrúdú nó ón nGrád Creidiúnaithe atá na torthaí a fuair siad.

I gcás na scrúduithe, cuirfear eolas breise ar fáil chomh maith sa chás nach bhfuil creidiúint le haghaidh comhpháirte riachtanaí i do thoradh in ábhar. Eiseofar eolas forlíontach le do thoradh lena dhearbhu nár tugadh creidiúint ar bith duit as Páipéar 1. Fágann sé sin gur féidir leat tú féin a shásamh gur cuireadh gach comhpháirt a rinne tú san áireamh sa toradh deiridh. Tugtar cóip de na torthaí sealadacha do na scoileanna freisin agus beidh an chóip sin i bhformáid leictreonach.

Ba chóir duit a nótáil gur cion é, faoi théarmaí an Achta Oideachais 1998, aon taifead a athrú ina bhfuil na torthaí de scrúdú nó úsáid a bhaint as a leithéid de thaifead agus fios a bheith agat go bhfuil na torthaí bréagach

Cad a tharlóidh i gcás gur roghnaigh mé Gráid Chreidiúnaithe in ábhar ag leibhéal amháin agus go ndearna mé na scrúduithe ag leibhéal éagsúil?

Úsádfidh CSS comhionannais ghrád idir leibhéal chun a shocrú cé acu grád is fearr i gcás athrú a bheith ar na leibhéil. Tá tábla na gcomhionannas grád le fáil san alt a bhaineann le **Córas Grádaithe na hArdteistiméireachta** sa treoirleabhar seo. Bunaíodh na comhionannais sin mar ábhar beartais oideachais i gcomhthéacs na scéime grádaithe athbhreithnithe agus scála na gcomhphointí bunúsacha athbhreithnithe a tugadh isteach in Ardteistiméireacht 2017.

Má mheastar do chuid torthaí in ábhar (scrúduithe nó Gráid Chreidiúnaithe) a bheith comhionann, is é an toradh a chuirfear ar fáil ar do ráiteas torthaí seadacha cé acu toradh atá ag an leibhéal is airde. In am trátha, sula n-eiseofar torthaí na dteastas deiridh, iarrfar ort iarratas a dhéanamh chuig CSS más mian leat toradh an leibhéil is ísle a bheith ar do theastas deiridh.

Má tá Grád Creidiúnaithe agat in ábhar ag leibhéal amháin agus toradh scrúdaithe san ábhar céanna ag leibhéal eile (fiú má mheastar na torthaí sin a bheith comhionann), tabhair faoi deara go ndéanfaidh CSS do thoradh scrúdaithe agus do Ghrád Creidiúnaithe a sholáthar don Lár-Oifig Iontrála (CAO). Fágann sé sin go mbeidh CAO in ann seiceálacha a dhéanamh maidir le bunriachtanais iontrála.

Má tá socruithe réasúnta agam i gcomhair na hArdteistiméireachta an gcuirfear nótaí le mo chuid torthaí?

I gcás socruithe áirithe a chuirtear ar fáil faoin Scéim um Shocruithe Réasúnta ag na scrúduithe teastais, tá tarscaoileadh nó díolmhú ón measúnú ar eilimint bhunúsach an scrúdaithe a gcuirtear nóta míniúcháin leis de ghnáth, a léiríonn cineál an choigeartaithe, ar ráiteas na dtorthaí sealadacha agus ar na teastais scrúdaithe deiridh.

Mar gheall ar na cúinsí de bharr COVID-19, ar cúinsí iad nach raibh ann riamh roimhe, rinneadh an cinneadh i mbliana, maidir le scrúduithe 2021 agus na socruithe eisceachtúla atá ann i mbliana, nach gcuirfear aon nótaí breise ar thorthaí Ardteistiméireacht 2021, idir thorthaí scrúdaithe agus Gráid Chreidiúnaithe, tráth a eiseofar na torthaí sealadacha ná ar na teastais scrúdaithe deiridh. Is beart eisceachtúil é sin atá á chur i bhfeidhm i gcomhair na bliana 2021 amháin agus ní chuireann sé isteach ar an ngnáth-bheartas scrúdaithe i ndáil le nótaí a chur le torthaí scrúdaithe.

12. An Tairseach Féinseirbhíse d'Iarrthóirí

Cad é an Tairseach Féinseirbhíse d'Iarrthóirí?

Is éard atá sa Tairseach Féinseirbhíse d'Iarrthóirí na hArdteistiméireachta seirbhís a sholáthraíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus an Roinn Oideachais d'Iarrthóirí na 6ú bliana a chuir isteach ar Ardteistiméireacht 2021. Is ionad ilfhreastail é an TFI le haghaidh raon seirbhísí ar líne d'Iarrthóirí. Beidh cuntas cruthaithe agat ar an tairseach

cheana féin. Ní foláir duit sonraí do chuntais a choimeád slán ionas go mbeidh tú in ann rochatain a fháil ar do chuid torthaí an 3 Meán Fómhair.

Féadfaidh CSS dul i dteagmháil leat ó am go ham le linn phróiseas Ardteistiméireacht 2021 chun tú a chur ar an eolas maidir leis na céimeanna sin thuas agus chun aon eolas a fhéadfaidh teacht chun solais le linn an Phróisis is eolas lena bhféadfaí difear a dhéanamh duit. Déanfar teagmháil leat tríd an seoladh ríomhphoist agus an uimhir theileafóin a chuir tú ar fáil nuair a chláraigh tú tríd an Tairseach Féinseirbhíse d'Iarrthóirí don chéad uair.

13. Eisiúint na dTorthaí agus tar éis na Torthaí a Eisiúint-Scripteanna a Bhreathnú agus Achomhairc

Cad a tharlaíonn tar éis na torthaí a eisiúint?

Soláthrófar treoir eile maidir leis na céimeanna a bhaineann leis na torthaí agus na céimeanna i ndiaidh na dtorthaí. Is trí CSS a bheidh rochtain agat ar raon seirbhísí ar líne le haghaidh eisiúint na dtorthaí agus na bpróiseas a leanann eisiúint na dtorthaí. Is iad sin:

- Rochtain ar do thorthaí san Ardteistiméireacht ina mbeidh, ar bhonn ábhar ar ábhar, ag brath ar do roghanna agus/nó ar cibé acu an raibh tú in ann na scrúduithe a dhéanamh;
 - torthaí scrúdaithe
 - Gráid Chreidiúnaithe
 - an ceann is fearr ón dá phróiseas sin
- I gcomhair aon scrúduithe a rinne tú –
 - Rochtain ar mharcanna na gcomhpháirteanna (e.g. marcanna páipéir scrúdaithe, marcanna béalscrúdaithe; marcanna praiticiúla, etc.)
 - Iarratas ar do scrípteanna marcáilte a bhreathnú
 - scrípteanna marcáilte a bhreathnú ar líne (i gcás ábhair áirithe)
 - An próiseas iarratais ar achomhairc
- I gcomhair do Ghráid Chreidiúnaithe –
 - An marc céatadánach measta a sholáthraíonn do scoil agus an marc creidiúnaithe tar éis an phróisis caighdeánaithe
 - An próiseas iarratais ar achomhairc
- Rochtain ar thorthaí an Achomhairc ar an Ardteistiméireacht.

Rochtain ar shonraí

I ndiaidh an dáta a eisítear na torthaí, soláthrófar eolas sonrach d'iarrthóirí faoina gcuid torthaí scrúdaithe, Gráid Chreidiúnaithe nó iad araon chun go mbeidh siad go hiomlán ar an eolas faoi achomhairc a dhéanamh i gcoinne torthaí

Mar gheall ar na coigeartuithe a rinneadh ar Ardteistiméireacht 2021 mar fhreagairt ar an gcur isteach ar fhoghlaim de bharr COVID-19, tá athrú ar an líon iomlán marcanna a bhronntar don chomhpháirt scríofa de chuid mhaith scrúduithe. Tugadh gealltanais, áfach, nach mbeadh aon athrú ar luach na comhpháirteanna éagsúla i gcoibhneas lena chéilr (obair scríofa, obair chúrsa, béaltrial, etc.). Mar thoradh air sin, féadfaidh sé go ndéanfar do chuid marcanna ó chomhpháirteanna éagsúla d'ábhair áirithe a "ualú" mar chuid den phróiseas grádaithe. Mar shampla, tugtar marcanna as 400 do scrúdú scríofa na Staire de ghnáth agus tugtar marcanna as 100 don obair chúrsa san ábhar sin. Tabharfar marcanna as 300 don scrúdú scríofa i mbliana. Chun ualú coibhneasta an dá chomhpháirt a choimeád, déanfar lenár gclár grádaithe do mharc ón bpáipéar scríofa a iolrú faoi ualú chun é a thabhairt ó mharc as 300 go dtí marc as 400. Is gá an t-ualú sin a dhéanamh i gcás roinnt ábhar freisin (Ealaíon, Innealtóireacht, Staidéar Foirgníochta, agus Corpoideachas) toisc comhpháirt de na hábhair sin a bheith cealaithe.

Is mar gheall ar an bpróiseas athualaithe sin nach bhfuil sé chomh héasca duit anois do mharc iomlán a oibriú amach nuair a bhreathnaíonn tú ar do scrípteanna. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil tráth eisithe na dtorthaí. Chomh maith leis sin, nuair a fhaigheann tú rochtain ar do thorthaí comhpháirte ar an Tairseach Féinseirbhíse d'Iarrthóirí, taispeánfar eolas faoin tslí a ndéantar na comhpháirteanna a ualú.

Cad é an próiseas achomhairc a mbeidh rochtain agam air?

Más iad na scrúduithe amháin a roghnaigh agus a rinne tú, beidh rochtain agat ar phróiseas achomhairc na scrúduithe. Má fuair tú Gráid Chreidiúnaithe amháin, beidh rochtain agat ar phróiseas achomhairc na nGrád Creidiúnaithe. Aon ábhar a ndearna tú scrúdú air agus a bhfuair tú Grád Creidiúnaithe ina leith, beidh rochtain agat ar an dá phróiseas sin.

Is próiseas é an próiseas achomhairc ar Ghrád Creidiúnaithe atá dírithe ar bhotúin a aimsiú i sonraí mac léinn a thraschuirtear agus a fhaightear. Ní áirítear i scóip an achomhairc breithiúnas gairmiúil na scoile i soláthar na marcanna measta agus an próiseas caighdeánaithe. Ní féidir achomhairc a dhéanamh ar na gnéithe sin de Ghrád Creidiúnaithe.

Sa dá phróiseas sin beifear ag dul i muinín Grinnscrúdaitheoirí Achomhairc Neamhspleácha arb é an ról atá acu a chinntiú go ndearnadh de réir na nósanna imeachta cearta le linn an phróisis achomhairc.

Déanfar gach iarracht achomhairc a phróiseáil chomh tapa agus is féidir ach ag an bpointe seo ní féidir dáta a shocrú go cinnte le haghaidh torthaí na n-achomhairc a eisiúint. Cuirfear an dáta sin in iúl do mhic léinn a luaithe is féidir”.

Aguisín 1. Córas Grádaithe na hArdteistiméireachta

Cuireadh córas nua grádaithe i bhfeidhm i ngach ábhar san Ardteistiméireacht ón mbliain 2017 ar aghaidh. Leis an gcóras nua grádaithe seo tháinig laghdú ar líon na ngrád ó 14 ghrád faoin seanchóras go dtí 8 ngrád faoi na socruithe athbhreithnithe.

Chun críocha eolais amháin, tugtar míniú sa tábla seo a leanas ar an gcóras grádaithe athbhreithnithe le hais an chórais ghrádaithe a bhíodh ann roimhe seo.

Leibhéal	Go dtí 2016		Ó 2017 ar aghaidh	
	Céatadán	Grád	Céatadán	Grád
Ard, Gnáth, Bonn.	≥ 90 go 100	A1	≥ 90 go 100	1
	≥ 85 agus < 90	A2	≥ 80 agus < 90	2
	≥ 80 agus < 85	B1	≥ 70 agus < 80	3
	≥ 75 agus < 80	B2	≥ 60 agus < 70	4
	≥ 70 agus < 75	B3	≥ 50 agus < 60	5
	≥ 65 agus < 70	C1	≥ 40 agus < 50	6
	≥ 60 agus < 65	C2	≥ 30 agus < 40	7
	≥ 55 agus < 60	C3	≥ 0 agus < 30	8
	≥ 50 agus < 55	D1		
	≥ 45 agus < 50	D2		
	≥ 40 agus < 45	D3*		
	≥ 25 agus < 40	E		
	≥ 10 agus < 25	F		

	≥ 0 agus < 10	NG [^]		
--	---------------	-----------------	--	--

Sna Ráitis agus sna Teastais léireofar an leibhéal a rinneadh ag baint úsáide as an nodaireacht seo a leanas in aice le gach ábhar.

Higher/Ardleibhéal	H/A
Ordinary/Gnáthleibhéal	O/G
Foundation/Bonnleibhéal	F/B

Tábla Chomhionannais na nGrád bunaithe idir leibhéil

A		
A		
A		
A		
A	G1	
A	G2	
A	G3	
	G4	
	G5	B1
	G6	B2
	G7	B3
		B4
		B5
		B6
		B7
A	G8	B8

Le haghaidh mic léinn a bhfuil gráid chomhionanna acu idir gráid ríofa agus grád scrúdú na hardteistiméireachta a fuair:

- toradh níos airde ar pháipéar ag leibhéal níos ísle nó
- toradh níos ísle ar pháipéar ag leibhéal níos airde

Cuirfear an toradh ag an leibhéal is airde amach ar do theastas deiridh mura gcuireann tú in iúl dúinn gur mian leat go mbronnfar ort an toradh ag an leibhéal is ísle (msh. má fuair tú H5 mar Ghrád Creidiúnaithe agus O1 mar ghrád scrúdaithe, is H5 a chuirfear ar do theastas deiridh). Tabharfar an deis sin duit sula n-eiseofar torthaí an teastais dheiridh (Tabhair de d’aire nach é seo an ráiteas torthaí sealadach).

Aguisín 2. Sliocht as Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna

2004/05, arna leasú.

ROINN XI. – IOMPAR NA nIARRTHÓIRÍ LE LINN SCRÚDUITHE

56. Tá a f(h)reagracht féin ar gach iarrthóir na laethanta agus na huaireanta a nótáil, mar atá siad socraithe ar an amchlár, do na scrúdaithe sna hábhair a bhfuil sé ar intinn ag an iarrthóir é/i féin teacht i láthair dóibh.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith sa halla scrúdaithe leathuair an chloig ar a laghad sula dtosaíonn an scrúdú sa chéad ábhar a dtagann siad i láthair dó.

Ní mór dóibh, na laethanta ina dhiaidh sin, a bheith i láthair cúig nóiméad déag ar a laghad roimh an am atá luaite ar an amchlár. Beidh sé de fhreagracht ar na hiarrthóirí a gcuid socruithe féin a dhéanamh chun a dheimhniú go mbeidh siad i láthair in am trátha sa halla scrúdaithe.

Ní mór d'iarrthóirí seachtracha rolla tinrimh (Foirm E10A) a shíniú ag tús gach scrúdaithe. Ní mór don síniú ar an rolla seo a bheith ag teacht ina chruth agus ina fhormaid leis an síniú ar chárta aitheantais an iarrthóra.

Ní thabharfar cead isteach d'iarrthóir ar bith sa scrúdú i bpáipéar ar bith tar éis tríocha nóiméad den am atá ceadaithe don pháipéar sin a bheith caite.

57. Ní féidir cead a thabhairt d'iarrthóir ar bith an halla scrúdaithe a fhágáil go dtí go mbeidh tríocha nóiméad caite ón am a thosaigh an scrúdú.

58. Ní féidir cead a thabhairt d'iarrthóir an halla a fhágáil agus filleadh ar ais le linn na tréimhse scrúdaithe mura bhfuil an Feitheoir sásta go bhfuil sé sin riachtanach (e.g. tinneas an iarrthóra, géarghá dul go dtí an leithreas, etc.). Ní thabharfar cead isteach arís sa halla scrúdaithe d'iarrthóir a fhágann an halla ag am ar bith le linn an scrúdaithe mura mbíonn ionadaí ón údarás scoile i bhfeighil an iarrthóra, nó, ina áit sin, mura mbíonn sé/sí i bhfeighil an Fhreastalaí i gcaitheamh an ama ar fad a bhfuil sé/sí as láthair ón halla.

Ní mór don iarrthóir an freagarleabhar agus an ceistpháipéar a thabhairt don Fheitheoir ar fhágáil an halla dó/di; is cóir don Fheitheoir taifead a dhéanamh ar chlúdach an fhreagarleabhair den am fágála agus den am fillte ar an halla agus, chomh maith, den chúis a bheith as láthair; ní féidir an t-am a chailleann an t-iarrthóir a chúiteamh ag deireadh na tréimhse scrúdaithe.

59. Ní mór d'iarrthóir a fhágann an halla scrúdaithe sula mbíonn tréimhse scrúdaithe ar bith caite a scrúdpháipéar agus a f(h)reagarleabhar a thabhairt don Fheitheoir.

60. Ní mór d'iarrthóir fanacht i gcaitheamh an scrúdaithe ar fad san ionad a shonraíonn an Feitheoir dó/di an chéad uair, mura dtreoraíonn an Feitheoir a mhalairt dó/di.

61. Is cóir d'iarrthóir a lámh a chur in airde más mian leis/léi aird an Fheitheora a fháil le linn an scrúdaithe. Ar an iarrthóir féin atá an fhreagracht a dheimhniú go gcuirfidh sé/sí in iúl don Fheitheoir murar tugadh scrúdpháipéar dó/di ar an leibhéal atá beartaithe aige/aici a dhéanamh ag gach scrúdú.

62. Ní scríobhfaidh iarrthóir ar bith a (h)ainm ar fhreagarleabhar ná ar pháipéar ar bith eile a thugtar dó/di. Is

cóir uimhir an iarrthóra a chur ar gach clúdach, freagarleabhar, léarscáil, líníocht, nó bileog de pháipéar cearnach a úsáidtear.

Níor chóir d'iarrthóirí tosú ag scríobh go dtí go ndeir an Feitheoir leo é.

63. Ní mór d'iarrthóir na sonraí a éilítear maidir leis an ábhar, etc. a chur isteach ar na clúdaigh agus ar na freagarleabhair a úsáideann sé/sí.
64. Is cóir gach freagarleabhar, gach bileog de pháipéar cearnach breise, etc. a thugtar don iarrthóir, pé acu a úsáideadh iad nó nár úsáideach, a fheistiú dá f(h)reagarleabhar sula gcuirtear séala air leis an scorán a chuirtear ar fáil chuige sin.

Is é/í an Feitheoir a thabharfaidh leabhrán Foirmlí agus Táblaí d'iarrthóirí. Níl aon chead ag iarrthóirí a gcóip féin den leabhrán sin a thabhairt isteach sa halla scrúdaithe. Níl na leabhraín Foirmlí agus Táblaí ceadaithe ach amháin in ábhair áirithe. **Féach Ciorclán S50/12 maidir le *Leabhrán Foirmlí agus Táblaí***

65. Ní thabharfaidh iarrthóir na nithe seo isteach sa halla scrúdaithe, ná ní bheidh siad seo a leanas ina s(h)eilbh nó faoina smacht nó ní bheidh teacht aige/aici orthu fad atá sé/sí ina leithéid de sheomra -
- (a) leabhar nó páipéar ar bith (seachas a c(h)árta aitheantais, nuair atá a leithéid riachtanach, an scrúdpháipéar, agus na freagarleabhair, etc. a thabharfaidh an Feitheoir dó/di);
nó
 - (b) meamram, nótaí, fón póca, leabhar leictreonach seoltaí, bunachar sonraí ar bith, etc. ach amháin áireamhán nuair a cheadaítear a leithéid de réir na rialachán nó foclóir dátheangach aistriúcháin nuair atá a leithéid ceadaithe.
66. I gcás scrúduithe praiticiúla Ealaíne (i.e. líníocht, ceardaíocht), cheadaítear d'iarrthóirí cibé ábhair a bheidh curtha in iúl ag scoileanna don Choimisiún a thabhairt isteach sa Halla Scrúdaithe.
67. Ní dhéanfaidh iarrthóir, fad atá sé/sí sa Halla Scrúdaithe, a leithéid seo a leanas -
- (a) úsáid a bhaint as, nó iarracht ar úsáid a bhaint as, leabhar, meamram, nótaí nó páipéar ar bith (seachas an scrúdpháipéar agus cibé freagarleabhair atá tugtha ag an bhFeitheoir dó/di agus foclóir dátheangach nuair atá úsáid dá leithéid ceadaithe); nó
 - (b) cúnamh a thabhairt, nó iarracht a dhéanamh ar chúnamh a thabhairt d'iarrthóir eile; nó
 - (c) cúnamh a fháil, nó iarracht a dhéanamh ar chúnamh a fháil ó iarrthóir eile nó ó Fheitheoir; nó
 - (d) cumarsáid a dhéanamh, nó iarracht ar chumarsáid a dhéanamh, ar bhealach ar bith, le hiarrthóir eile laistigh den ionad nó ar mhodh leictreonach le duine lasmuigh den ionad.
68. Ní dhéanfaidh iarrthóir a leithéid seo a leanas:
- (a) ní scríobhfaidh sé/sí ar an scrúdpháipéar (ach amháin i gcás go bhfuil freagraí le scríobh ar chuid den scrúdpháipéar féin) ná ar chárta aitheantais ná ar an leabhrán Foirmlí agus Táblaí ná ar cheann ar bith de na huirlisí matamaitice a thugann sé/sí leis/léi, ach amháin sa chás go mbaineann iarrthóir feidhm as peann aibhsithe nó as folínte mar chúnamh chun an ceistpháipéar a thuiscint;
 - (b) ní scríobhfaidh sé/sí rud ar bith ar a f(h)reagarleabhar nach bhfuil baint dhíreach aige le hábhar na gceisteanna atá le freagairt;
 - (c) ní bhainfidh sé/sí duille ar bith ná cuid de dhuille as na freagarleabhair;
 - (d) ní thógfaidh sé/sí freagarleabhar ar bith amach as an halla scrúdaithe, pé acu a úsáideadh é nó nár úsáideadh, ná ní dhéanfaidh sé/sí iarracht ar a leithéid a dhéanamh;
 - (e) ní dhéanfaidh sé/sí damáiste don halla scrúdaithe ná don troscán ann.
69. Iarrthóir a bhfuil a c(h)uid oibre críochnaithe aige/aici deich nóiméad ar a laghad roimh an am atá ceaptha

do chlabhsúr an scrúdaithe, tá cead aige/aici an halla a fhágáil ach iad seo a leanas a thabhairt don Fheitheoir

- (a) a fhreagarleabha(i)r agus
- (b) an scrúdpháipéar

70. Is cóir d'iarrthóir a chríochnaíonn a c(h)uid oibre le linn an deich nóiméad deiridh den scrúdú fanacht ar a c(h)athaoir go dtí go mbeidh a f(h)reagarleabha(i)r bailithe ag an bhFeitheoir agus níor chóir dó/di an halla a fhágáil ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh an t-am atá ceadaithe don scrúdú caite mura gceadaíonn an Feitheoir a mhalairt.
71. Nuair a bheidh an scrúdú críochnaithe is cóir do gach iarrthóir séala a chur ar a f(h)reagarleabha(i)r nó ar a c(h)lúdach, mura bhfuil sé sin déanta aige/aici cheana féin, agus fanacht ar a c(h)athaoir ansin go dtí go mbeidh an/na freagarleabha(i)r bailithe ag an bhFeitheoir.
72. Glacfaidh agus cloífidh iarrthóir, i ngach rud a bhaineann leis an scrúdú, le treoracha an Fheitheora.
73. Sna hábhair sin ina bhfuil níos mó ná páipéar amháin, ní mór d'iarrthóir glacadh leis na páipéir ar fad san ábhar ar an leibhéal céanna, e.g. na páipéir ar fad ar an nGnáthleibhéal nó ar an Ardleibhéal. Ní bheidh cead aige/aici, na páipéir a fháil ná a fheiceáil ar níos mó ná leibhéal amháin san ábhar céanna.
74. Ní mór do gach iarrthóir a thagann i láthair don scrúdú sa Staidéar Foirgníochta, sa Ghrafaic Dhearaidh agus Chumarsáide, san Innealtóireacht, sa Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) nó sa Ghrafaic Theicniúil clár líníochta a thabhairt leis/léi, mar aon le T-bhacart, scálaí, dronbhacairt, uillinntomhas, compás, peann luaidhe, cuimleoir, agus fáiscíní líníochta nó téip ghreamaitheach.

Ceadaítear d'iarrthóirí uirlisí líníochta matamaitice a úsáid do na scrúduithe go léir. Ceadaítear stionsail eolaíochta a úsáid sna hábhair Eolaíochta. Ceadaítear sreang a úsáid sa scrúdú Tíreolaíochta mar aon le snáithín, gloine mhéadaithe agus opasaiméadar.

Ach amháin i gcás go sonraítear a mhalairt sa siollabas sonrath agus ar an bpáipéar scrúdaithe sonrath, ceadaítear áireamhán a úsáid sna scrúduithe go léir, faoi réir an mhéid seo a leanas:

- (a) Ní sholáthróidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ná Coimisiún na Scrúduithe Stáit áireamhán d'iarrthóirí. Ní bheidh freagracht ar ionad scrúduithe i soláthar áireamhán ná batairí.
- (b) Is é an t-iarrthóir a fhéachfaidh chuige go bhfuil an t-áireamhán ag obair i gceart. Ní dhéanfar aon chúiteamh má theipeann ar bhatairí nó ar an áireamhán le linn an scrúdaithe.
- (c) Níor chóir aon ghleo a chloisint ón áireamhán agus níor chóir a bheith ag brath ar phríomhlíonra leictreach.
- (d) Níor chóir áireamhán a fháil ar iasacht ó iarrthóirí eile i gcaitheamh an scrúdaithe.
- (e) Ní cheadaítear áireamhán in-ríomhchláraithe. Ciallaíonn "in-ríomhchláraithe" aon áireamhán atá in ann seicheamh eochairbhuillí a stóráil a fhéadfar a aisghabháil tar éis cumhacht an áireamhán a mhúchadh nó nuair a mhúchann an chumhacht uaidh féin. Ní hionann áireamhán a bheith in- ríomhchláraithe agus an cumas a bheith ann áirimh a ríomhadh cheana féin a athghlaoch, a athchóiriú agus a athsheinm, ar an gcoinníoll go nglantar an chuimhne athsheanma seo nuair a mhúchtar cumhacht an áireamhán. Chomh maith leis sin, ní mheastar áireamhán a bheith in- ríomhchláraithe mar gheall ar áis a bheith ann uimhreacha a stóráil in ionad cuimhne amháin nó breis.

(f) Ní cheadaítear aon áireamhán leis na saoráidí matamaitice seo a leanas:

- graf-bhreacadh réiteach cothromóidí
- ionramháil shiombalach ailgéabrach
- suimeáil uimhriúil
- difreáil uimhriúil
- ríomhaireachtaí maitrís

(g) Ní cheadaítear aon áireamhán leis na saoráidí ginearálta seo:

- bunachair sonraí
- foclóirí
- aistritheoirí teangacha
- aisghabháil téacs
- cumas cianchumarsáide

(h) Ní féidir ach áireamhán do-ríomhchláraithe a úsáid. Ní foláir d'iarrthóirí a chur in iúl ar a leabhair freagraí cén déantús agus cén cineál áireamhá(i)n a úsáideadh sa scrúdú. Féach **Ciorclán S93/05** ar www.examinations.ie maidir le húsáid Áireamhán sna Scrúduithe Teastais.

(i) Níl cead ag iarrthóirí lámhleabhar treoracha a thabhairt isteach i halla na scrúduithe. San áireamh anseo, tá treoracha atá clóite ar chlúdach an áireamháin. Ní mór treoracha ar bith atá ar chásáil nach féidir a bhaint den áireamhán a chlúdach go daingean.

(j) Níl cead ag iarrthóirí na háireamháin a chur ar siúl go dtosaíonn an scrúdú.

Ní cheadaíonn an riail seo d'iarrthóir aon ghairesas a bheadh in aon slí eile coiscthe, a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe. Go háirithe, ní cheadaítear fón póca, eagraí leictreonach nó gairis eile mar sin i gcúinse ar bith. (Féach riail 65 thuas).

75. Is féidir iarrthóir a dhíbirt as halla scrúdaithe má bhíonn iompar ar bun aige/aici a chuireann reáchtáil shásúil an scrúdaithe i mbaol. Is féidir an scrúdú i ngach ábhar a dhícheadú má chuirtear isteach ábhar pornagrafaíoch nó ábhar gránna ar bith eile nó má chuirtear airgead/seic ar bith

Aguisín 3. Rochtain ar Scripteanna Scrúdaithe – Cosaint Sonraí

Déanann Coimsiún na Scrúduithe Stáit (CSS) rochtain ar scrípteanna scrúdaithe a éascú d'iarthóirí na hArdteistiméireachta tríd an tsaoráid *Breathnú ar Scripteanna* a chuirtear ar siúl i scoileanna gach bliain i ndiaidh torthaí na hArdteistiméireachta a eisiúint. Leis an tsaoráid sin, atá ar fáil d'iarthóirí na hArdteistiméireachta le fiche bliain anuas, is féidir leat breathnú ar do scrípteanna agus féachaint ar an gcaoi ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i dtaca le do chuid oibre. Fágann sé sin gur féidir leat cinneadh eolasach a dhéanamh faoi cé acu ar chóir duit achomharc a dhéanamh ar an toradh nó na torthaí a fuair tú sula mbíonn deireadh le dáta deiridh na n-achomharc. Leis an tseirbhís *Breathnú ar Scripteanna*, is féidir leat breathnú ar do script agus, le d'fheiste leictreonach féin, cóipeanna a dhéanamh de do scrípteanna más mian leat, le linn na seisiún breathnaithe. Maidir le haon fhreagraí a thugann tú sna scrúduithe agus aon tráchtaí a dhéanann scrúdaitheoirí faoi na freagraí sin, meastar gurb iad do shonraí pearsanta iad faoin reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí. Tá ceart dlíthiúil agat mar ábhar sonraí, faoin reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí, chun cóip a fháil de na sonraí pearsanta a bhaineann leat agus a shealbhaíonn CSS. Baineann an ceart sin chomh maith le scrípteanna scrúdaithe.

Tá ceart dlíthiúil agat chun cóip de do scrípteanna scrúdaithe a fháil ach tá dualgas ar CSS torthaí ar scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na hachomhairc a phróiseáil agus a eisiúint faoin spriocam socraithe agus dá bhrí sin ní thugtar tosaíocht do Bhreathnú ar Scripteanna. Ní dhéantar aon difear leis sin do do chearta reachtúla. Féach na sonraí maidir le **Breathnú ar Scripteanna** san alt seo a leanas.

Cathain is féidir liom cóipeanna de mo scrípteanna a fháil?

Is é an t-am is luaithe a fhéadfaidh tú rochtain a fháil ar do script le linn an phróisis *Breathnú ar Scripteanna*. Mura mbreathnaíonn tú ar do scrípteanna le linn an ama sin, agus má chinneann tú iarraidh a dhéanamh chuig CSS chun rochtain a fháil ar shonraí, ní bhfaighidh tú cóipeanna de do scrípteanna go dtí tar éis an dáta deiridh le haghaidh achomhairc. Faoin am a bheidh cóip de do script(eanna) faighte agat mar sin, beidh an deis cailte agat chun achomharc a dhéanamh i gcoinne do thoraidh.

An féidir liom iarraidh ar rochtain a fháil ar mo script a dhéanamh faoin Acht um Chosaint Sonraí?

Is féidir – ach tá teorainneacha leis an am is féidir leat iarraidh ar rochtain a dhéanamh agus leis an méid ama a thógfaidh sé ar an iarraidh a phróiseáil.

Faoin Acht um Chosaint Sonraí ceanglaítear ar CSS, mar rialaitheoir sonraí, freagra a thabhairt d'iarraidh ar rochtain ar shonraí maidir le sonraí pearsanta laistigh de 30 lá ón iarraidh a fháil. Ach ceadaítear do rialaitheoirí sonraí áfach, an tréimhse ama sin a fhadú chuig 90 lá i gcás gur ró-dheacair é freagra a thabhairt toisc na hiarratais a bheith ró-líonmhar agus ró-chasta. Déanann CSS aon mhilliún script scrúdaithe agus milliún eile comhpháirt scrúdaithe ghaolmhara (obair phraiticiúil agus obair thionscadail; béalscrúduithe; feidhmíochtaí etc.,) a phróiseáil gach bliain. Faoi réir na srianta a leagtar amach thíos, aon duine a dhéanann iarraidh ar scrípteanna faoin Acht um Chosaint Sonraí, féadfaidh siad bheith ag fanacht ar feadh 90 lá ón dáta a dhéantar an iarraidh sula mbeidh an script faighte acu.

I dteannta na dtorainneacha ama ginearálta sin, tá teorainneacha ama sonracha le rochtain ar thorthaí scrúdaithe agus scrípteanna san Acht um Chosaint Sonraí. Tá na srianta sin ann chun cothromaíocht a aimsiú idir cead a thabhairt duit do cheart chun do chuid sonraí pearsanta a fheidhmiú agus a chinntiú gur féidir le soláthraithe scrúduithe ar nós CSS, leanúint de bheith ag réachtáil scrúduithe agus ag soláthar torthaí scrúdaithe agus achomhairc de réir spriocamanna socraithe, arb é an phríomhfheidhm atá acu. Tá srian an-sonrach ann le rochtain ar script scrúdaithe na hArdteistiméireachta atá ina hábhar achomhairc.

Faoin reachtaíocht, is dáta eisithe na dtorthaí an dáta is luaithe is féidir le CSS breithniú a dhéanamh ar iarraidh ar rochtain ar shonraí i gcomhair torthaí nó scrípteanna. Más maith leat iarraidh den sórt sin a dhéanamh roimh dháta eisithe torthaí na hArdteistiméireachta ní chuirfear tús leis an bhfad ama dó go dtí an 3 Meán Fómhair, dáta eisithe na dtorthaí. Ar an gcaoi chéanna, tá srian ama le hiarraidh ar rochtain ar shonraí a dhéanamh i gcomhair toradh ar achomhairc. Má dhéanann tú achomharc i gcoinne toraidh agus ansin má dhéanann tú iarraidh ar rochtain ar shonraí i gcomhair thoradh an achomhairc, ní chuirfear tús leis an bhfad ama dó go dtí an dáta a fhoilseofar torthaí an achomhairc.

Anuas air sin, má dhéanann tú achomharc i gcoinne thoradh scrúdaithe na hArdteistiméireachta, agus má tá iarraidh ar rochtain ar shonraí i gcomhair na scrípte a bhaineann leis an toradh sin déanta agat, ansin ní chuirfear tús leis an

bhfad ama don iarraidh sin agat go dtí an dáta a eiseofar torthaí an achomhairc. Moltar go láidir duit do cheart chun do scrípteanna a bhreathnú sa seisiún breathnaithe nó ar líne a fheidhmiú. Tá tú i dteideal iarraidh ar rochtain ar shonraí a dhéanamh i gcomhair cóip de do scrípteanna, ach is tríd an tseirbhís Breathnú ar Scrípteanna **amháin** a bheidh deis agat rochtain a fháil ar do scrípteanna roimh dháta deiridh an achomhairc. Ina theannta sin, ní hionann breathnú ar do script agus cosc a bheith ort ó iarraidh ar rochtain ar shonraí a dhéanamh chomh maith.

An féidir liom cóipeanna d'ábhar scrúdaithe seachas scrípteanna scrúdaithe scríofa a fháil faoin Acht um Chosaint Sonraí?

Tá ceart agat chun do chuid sonraí pearsanta ach ní chun an tsaothair bhunaidh. Más féidir comhphárteanna eile a chóipeáil, ansin is féidir leat do chearta cosanta sonraí a fheidhmiú chun cóip a fháil. Aon ábhar scrúdaithe is féidir a bheith ina ábhar d'iarraidh ar rochtain ar shonraí, tá sé faoi réir na dteorainneacha ama céanna a leagtar amach thuas. Maidir le roinnt oibre tionscadail agus praiticiúla a shealbhaíonn CSS agus a bhíonn á marcáil aige, is féidir í sin a chur ar ais chugat tar éis torthaí an achomhairc a eisiúint. (Féach *Ábhar a Choimeád* thíos).

An gá dom iarraidh ar rochtain ar shonraí a dhéanamh chun rochtain a fháil ar mharcanna an bhéalscrúdaithe nó scrúdaithe phraiticiúil?

Ní gá –Déanfaimid comhad na torthaí a uasdátú ar an Tairseach Féinseirbhíse d'Iarrthóirí chun ní amháin an grád ach an marc deiridh a bhronntar as gach comhpháirtí laistigh d'ábhar. Áirítear air sin marcanna as béalscrúduithe, scrúduithe praiticiúla, tionscadail, obair chúrsa agus páipéir scríofa san ábhar céanna (páipéar 1, páipéar 2).

An féidir liom an tairseach ar mo Bhéalscrúdú a fháil faoi chosaint sonraí?

Má dhéanann tú iarraidh ar rochtain ar shonraí i gcomhair cóip de do bhéalscrúdú, ba chóir duit a thabhairt faoi deara nach gceadaítear dúinn ach do ghuth ar na taifid a thabhairt duit. Ní chloisfidh tú guth an Bhéalscrúdaitheora agus ní thabharfaimid na ceisteanna duit a cuireadh ort sa scrúdú. Murab ionann agus do fhreagraí, ní do chuid sonraí pearsanta iad na ceisteanna sin agus maidir leis na ceisteanna a chuirtear sna béalscrúduithe, ní hionann iad agus na ceisteanna ar na scrúdpháipéir, toisc nach ceisteanna iad a chuirtear go poiblí. Is tasc casta é atáirgeadh a dhéanamh ar thairseach nach mbeadh ach do ghuth féin le cloisteáil ann agus teastaíonn na 90 lá go léir chun é a chur chugat.

Tá cearta agam chun tráchtaí an scrúdaitheora chomh maith – conas is féidir liom rochtain a fháil orthu sin?

Níl cead ag scrúdaitheoirí de chuid CSS tráchtaí scríofa a dhéanamh ar scrípteanna. Níl cead acu ach an scéim mharcála a chur i bhfeidhm ar an script. I gcás ábhair áirithe, msh. Béarla, úsáideann na scrúdaitheoirí nótaí chun léiriú a dhéanamh ar cén áit ar chaill nó ar ghnóthaigh iarrthóir marcanna de réir na scéime marcála. Nuair a bhreathnaíonn tú ar do script nó nuair a fhaigheann tú cóip di trí iarraidh ar rochtain ar shonraí, feicfidh tú do chuid freagraí scrúdaithe agus nótaí tráchta an scrúdaitheora (ie. na marcanna agus aon nótaí a d'úsáid an scrúdaitheoir) ar an script.

Conas is féidir liom iarraidh ar chóip de mo script a fháil faoin Acht um Chosaint Sonraí?

Más mian leat iarraidh ar chóip de do script a fháil, nó ar aon sonraí pearsanta eile maidir leat a fháil atá á sealbhú ag CSS, is féidir leat iarraidh a dhéanamh i scríbhinn chuig:

Iarraidh ar Rochtain ar Chosaint Sonraí,
Coimisiún na Scrúduithe Stáit,
Cor na Madadh,
Áth Luain,
Co. na hIarmhí.
N37TP65

Ba chóir go mbeadh dóthain eolais i d'iarraidh chun go mbeimid in ann tú a chéannú mar iarrthóir scrúdaithe; chun a chinntiú céard dá bhfuil tú ag lorg cóip; agus chun teagmháil a dhéanamh leat go díreach más gá dúinn do chéannacht a chruthú nó d'iarraidh a shoiléiriú.

Le linn iarraidh den sórt sin a dhéanamh, ná dearmad go bhfuil srianta le do cheart chun rochtain a fháil agus **nach bhfaighidh tú cóip de do script nó aon ábhair scrúdaithe eile roimh dháta deiridh na n-achomharc**. Is é an t-aon

bhealach chun rochtain a fháil ar do scrípteanna scríofa, irisí agus freagraí scríofa eile roimh dháta deiridh na n-achomharc, freastal ar an seisiún breathnaithe.

Foilseofar ar ár suíomh gréasáin aon mhionsonraí faoi athruithe ar na socruithe le haghaidh iarraidh ar rochtain ar shonraí a dhéanamh.